Dán cráifeach ar 'na Féilte Muire' - ag moladh na Maighdine. Tá sé i bhfoirm thrí rainn agus amhrán fá h-aon déag - ach is aonad ann féin gach 3 R + V. Mar atá sé sna Lsí léimeann an file ó fhéile go féile, gan aon ord - ach is minice é ag trácht ar lá breithe Mhuire ná ar aon fhéile eile. Seo an leagán amach.

L 1-32 : Moladh na Maighdine. L33-48 Tógáil na Maighdine Muire suas ar neamh. L. 49-64 : Breith na Maighdine. L.65-80 : Cumhacht Mhuire. L81-96 : Teachtaireacht an Aingil. L97-112 : Moladh Mhuire (An Deastógaíl ?) L113-128 Breith na Maighdine. L129-144 : An Toirbheart sa teampall. L145-160 : Teachtaireacht an Aingil, L 161-176 : Breith na Maighdine.

1. A bhláth na bpatriarc: Is ioma ainnm a ghlaonn an file ar Mhuire sa dán seo. Tá a lán acu le fáil i bhfilíocht dhiaga na Gaeilge roimhe seo (cf. Dán De : Philip Bocht: Aonghus Ó Dálaigh). 'Síad na tidíl is coitianta - máthair (na naomh, na naingeal, Mhic Dé, na burnaighthe), maighdean(is airde nuirneach, mhúinte, órdha, bheannaithe), bainrioghan (mhilis na naomh, na mbrugh, neamha, eolais fhlaithis Dé, ar éanlaithibh &rl, neamh na néall, na humblachta), buime (na n-aingeal, rialt, inghean, rioghan, siúr : lena gcois sín tá bláth, gairdin, loinnir, doras, soillse, scáthán, abhaill, banaltra, lóchrann, áille).

inghean : Is dóiche gur neascán idir an fhoirm scriofa 'inghean' agus 'níghean' na foghraíochta atá i 'nínghean' an bhonn-Ls.

2. nach geallann : Bíonn urú indiaidh 'nach' de ghnáth i gCúige Uladh : cf. L112. Cf. Réamhrá.

3. dod thaobhsa : '6 do thaobh' (DDV)

4. do dhá ghréin : 'do gach gréin' (DDU)

5. a inghean Iachim: Cf. Dán Dé v.

6. a gháirdín fíona a' plandú Dé : 'o vineyard that plants God'. (?) Tagairt do Ioncholnú 'agus a phlannda Dé' (DDU) cf. PD 2 34 'gardha gan għlas'.

'Mary is also very commonly called by the names of trees and fruits, a class of metaphor almost exclusively peculiar to Irish'. (A.D. Preface).

10 acu bhios : 'is ortha a bhios' (DDU)

11. 'sgach inghean 6g : 'is gach aon aca' (DDU)
dh'oidhche : Is dóiche go raibh an 'd' séimhithe
 sa chanúint .i. 'dh' oídhche'.
14. agus moladh do bhláth go bráth : 'Moladh go bráth do
 bhláth' (DDU).
 'And the world never understands the praise of your
 bloom' (?). 'And praise to a flower whom the world will
 never comprehend' (?).
15. bhuíme na n-aingeal: Cf. PB I, 40; 2, 10, 7rl. 'Sé
 'n-fíol' an fhoghraíocht atá ag
 'n-aingeal'; cf. Réamhrá.
17. Fáilte do phátrún : 'Fáilte dhuit, a phatrúin' (DDU).
 Níl sé soiléir cén lá atá i gceist
 anseo.
18. na mbrugh : 'na mbrat' (DDU).
19. mhuirneach: 'Mhuire' (DDU).
22. nó gach rialt : 'Sé 'Rialt' a éilios an mheadaracht anseo;
 cf. L 46. : 'ná an ghrian' (DDU)
23. ar neamh : 'neimhe' (DDU)
na naoi ngrádh : .i. 'naoi ngrád n-aingel':
 cf RIA Cont. S.V. 1 grád.
27. cuimhnigh an mhaighdean gurab í : Tá an 'í'
 analoipreach ag tagairt do 'mhaighdean'.
bláith : 'beautiful' : 'bhán' (DDU).
28. gurab : ' 's gurab' (DDU).
39. A Mhuire thug fuascailt chuaidh as aithribh na naomh.....
 'A Mhuire, thug fuascailt cúbhair (= cabhair) is
 aithrighe do naoimh' (DDU)
 Is cosúil gur L 30 ainmní 'thug' .i. go lit. 'the fact
 that your son went from you.... gained a hard-won
 freedom, from the abode of the saints' (?).
30. chuaisne : 'investigation' jury'. Cf. IV L 104.
31. labhaill : 'apple tree'; cf. L6. Cf. PB 2, 9: 4, 41 7rl.
 Cf 'A bhaill'.
32. beir m'anamsa suas : 'beir sinne leat suas' (DDU)
33. an athar dhuit : 'an athara romhat' (DDU) : cf. RIA
 Contrib. S.V. 'fáilte'.
34. oidhre : Cf. PB 4, 36; 13, 21 7rl.
35. óna naoi noírd : 'na naoi n-órd' (DDU): cf. L.23. cf.
 Ériu. 11.162.
36. ós inniu atá ar neamh : 's gur indiu ar neamh atá'.(DDU)
 .i. Féile na Deastogála.
39. bean : 'neach' (DDU).
40. ídír corp is anam : 'Eadar anam is chorpa' (DDU).
41. cár beag : 'Is it not enough ?' : 'is beag' (DDU).



43. gur dí : '(that) it was for her'. ' 's gur cí-se' (DDU).
dóras, : 'geataí' (DDU).
44. fuaír : 'that (.i. coras Ph. nó foscaidh doras Ph.) found' (?), - 'she found' (?) : 'is fuaír' (DU)
45. a bhanaltra: Cf. PB 9,39: 19,14 7rl. AÓD VIII 7rl.
46. dealraigheas : 'Cé gur coibhneasta é níl aon séimhiú air sna lísí. Tá i DU - 'who resembles'.
47. guidh thusa ar an athair : 'you invoke the father' : cf. RIA Contrib. s.v. 'guidid' iii.
Feic thíos L73. 'guidh thusa an t-Athair' (DU).
pálás: 'Parthas' (DDU).
48. gan mise bheith gártha: 'that I be not burnt' (?): cf. RIA Contrib.s.v. 'gairthe'.
Nil an 'a' fada ansin 7. 'shouting' (?). 'Gan sinne bheith aq gártha' (DDU).
49. Cuinnim : ? leg 'cuirm' (DDU): cf. Gaeilge Theilinn 8141 - 'cuirm an dóú lá fichead de mhí na Nodhlag' - 'anniversary'. 'Cuinnim' - 'Cuirm' - 'cothrom' (?) : cf. Scéalta Mh. L p.200.
an lae 'niu : .i. lá breithe Mhuire (8ú Meán Fóir inniu).
51. Anna ... Iachim : Cf. Dán Dé. (Réamhrá, V.)
52. samhaltar : 'she is compared' (?) ; 'let her be compared' ?
53. mar do ní : 'as it does' : 'mar is í' (DU)
56. i goinne : 'for, to get': 'fá chuimrighe' (DU)
maighdín : ? leg 'maighdean'.
57. ceannai : 'ceannach' (DDU).
na dtrí saoghal : Neamh, talamh is Ifreann (?). Cf. Dán Dé.
58. breitheamh, Rí : 'breitheamhain ríogh' (DDU)
cruthaightheoir cáich : Nil an 'cú de 'cách' séimhithe sa Ghinide anseo.
- 59- 60. 'Ag seo an Mhaighdean ag a bhfuil déaghmhac 's is maírg a shamhóladh Muire le mnáibh'. (DDU). Tá analút n anseo: 'whatever virgin has Him for her son - oe to him who likened Mary to women.'
61. na gnáthaithe a samhail níos mó : .i. 'let her not be compared any more' : cf. AÓD II. 'go bráth ná samhail níos mó (DDU).
62. 's go ngoileann.. uirre an Pápa : 'and (seeing that) the Pope invokes her'.
Tá bri ar leith le 'goillim ar' anseo iach ionann agus 'goillim' ná 'guillim ar' 'grieves': feic fosta L 74, L 78.
63. dá guidhe : 'dá guidhe gach lá' (DDU).
grása ón athair : 'grása na haithrighe!' (DDU)
do sheachadadh dhóibh: 'fhágháil dóibh' (DDU). Nil an 'c' i 'seachadadh' séimhithe sna lísí. Seasann 'dhóibh' don Phápa.

- 64 dhúinn : (dhóibh' (DDU))
- 65 lóchran: Cf. PB 2,30.
- Soillse : ? leg 'shoillse'; ach cf. L 58 'cruthaig, 'heo i
cáicn.'
- 67 scaoil : 'destroyed, undid' .
- 71 i neamh is talamh : 'Neamh is talamh' (DDU agus a lán
lsí). B'fheídir go leanann L 70
isteach sa líne seo 'do theacht le síth i neamh is
talamh'. ? leg 'rí neamh' is tala/i/mh'.
- 73 - 76. Tá ord na línte difriúil i DDU. Cf. Muire Mhór
P. 72. 'Bean ar a bean....bean... '
- 76 le mbiam slán Dia Luain : 'a mbíonn sláinte bhuan i na
dáil' (DDU).
- biam : lú Pearsa Iolra Fáisteannach den Bhriathar
Substaínteach.
- 77 bhainríochan : 'mhaighdean' (DDU)
'thuas' (DDU).
- 79 déana : 'dean' (DDU). Foirm chanúnach den Ordaitheach
2ú Pearsa Uathu : cf. Scéalta
Mh.L.pxxx. Cf. V. P.2.
- 80 glac bille : 'taonair bille' (DDU).
- uainn : 'dúinn' (DDU).
- 81 déanamaord gáirdeachas : 'we rejoice' ? leg 'Déanamaois'
(DDU) - 'let us rejoice'.
- ar mhian : 'ar mian' (DDU) ?leg 'ar 'mhian' - 'at his
will' : ar mhian - 'with delight' (?)
- 83 cuinim an lae''niu tháinig : .i. Féile Theachtaireacht
an Aingil (25ú Mártá anois):
Cf. L. 49 : 'cuirm an lae fá'r tháinic..' (DDU).
- 86 an riaghail : 'rule' (.i. line of conduct).
87. ceannai : 'a cheannuigh' (DDU).
- 88 dhóirt 6 Dhia: 'that soiled from'; 'dóirthe 6 Dhia' (DDU)
89. Meirg : 'envy, ill-will' (?) : cf. RIA Contrib.:
'mairg' (DDU)
- 92 mar fuair an réalt glan tar mhnáibh : 'mar fuair in -a
Réalt í glan thar mhnáibh' (DDU).
'Because he found the star to be pure above women' (?);
'(Because of) the way in which he found...!?' ?leg
'ghlan'. 'because he found the pure star above women' (?)
- 95 dár chóirigh Dia : 'that God arranged (.i. created)':
'da'r órduigh Dia' (DDU).
- 97 - 98 Is mar seo atá na línte seo i DDU.
'A Mhaighdean Mhuirc, fuair cré dár ngaoil,
le go ndéantar dúinn éalódh ó phéin'.

do fuair cré dár ngaol leat go naomhtha ar neamh na néall - ag tagairt don Deastógaíl - go lit. 'who got (managed to get) a body of our kindred with you to heaven...'

? leg 'chuaidh cré dár ngaol' /Cf. Scéalta Mh.L. p xliv/

102 moladh ..leo : 'dóibh' (DDU)

104 is doiligh : 'it is sad' (?); 'it is difficult' (?); 'is doilgheas' (DDU)

107 is neamhnár : 'it is no shame' (?); 'Shameless' an chailil a bhíos ag 'neamhnár' de ghnáth agus b'fhéidir gurb é anseo fosta .i. is dána an mhaise dúinn é. 'Neamh-náireach' (DDU).

110 réalta : Gínide iolra: 'na réalt' (DEU).

gealaighe each taobh : 'na gealaighe san oídhch' (DEU)

112 agus máthair mhic Dé nach feadann na Sasanaigh a claoi : 'whom the English cannot conquer'. 'Is a mháthair Mhic Dé nach bhféadann tú na Sacsain do chlaoidhe?'. (DEU)

113 fan am-sa : .i. Lá breithe Mhuire (8ú Meán Fóiranois).

117 Aonduine riamh dá leanmhantaigh : 'anyone ever of her followers'. 'Aon duine dá leanmhantaichth' (DDU).

118 dhearnaidh : 'dhéan sí' (DDU).

119 nior leig a nəanam : 'is ni leigeann sí a nəanamanna' (DDU)
Tá 'anam' iolra ina lán lsi.

120 i n-iochtar: ?leg 'an focharta/i/r'.

122 nior bh'fiú a samhladh don inghinsi : 'they are not worthy to be compared to.....; ?leg 'samhlú' : 'le' an gnáthréamhfhocal le 'samhlaim?

126 'na buíme : 'as a nurse'.

127 dá mbeadh dalta... urudh chéirseach amaideach : 'dá mbíodh mac... a chéirseach aindeiseach'. (DEU).

urudh : Cf. XVIII 99.

chéirseach : Cf. Dinn.s.v. cíairseach - 'fair lady', ach ní sín a bhí anseo ach 'gínseach'.

128 'Níor charaíd duit an té a dhéanfadh éagcóir 'n-a láthair' (DDU) 'charaíd' - Canúnachas.

129 Ag so ceann an dá fhichid lá : .i. Féile na Tuirbhearta sa Teampall (2ú Feabhraanois). 'Here is the end of the forty days'. 'Is i gcionn dá fhichead lá' (DDU).

130 chuaidh .. na néall : 'tháinig..na naomh' (DDU)

133 gan treoir : 'without guidance' (?); 'inactive' (?)

134 'na sheanduine phróimhi : 'tried, tested, proven' (?)
(RIA Contrib. s.v. 'promthae').
Cf. 'cordulent grave, serious' (?) (Dinn s.v. promhaidhe).
Cf. Lúcas 11. 25 - Ag DDU tá 'I n-a dhuine chóir lán d'aois.'

- 135 Is é 'n-a fháidh is foillsigheadh dhó'. (DDU)
136. go bhfaicfeadh : Coiméadann Mac Cuarta an seanghuta 'a'
i dtús an fhocail. Cf. IV L 9, XXIX 7rl.
- 137 Seireas : Jú P. Uatha Láithreach: leithliseach.
'Beiridh' (DDU).
- 138 ucht bhanrioghan neamh na naomh : C^a. Coimhréir Gh. an T.
§ 60.
'Chainrioghna meimhe na néal' (DDU).
- 141 agus Dia : 'do Dhia' (DDU).
- 142 A rioghan is cuimsighe shoillsighe amharc nó an ghrian:
go lit. 'O lady of vision more powerful, more shining
than the sun. (?)'.
- 144 cuimrigh : 'protection' (?) cf. Gaeilge Theibinn § 129;
'protect' - (?) leg 'm'anam'
iarr 'ask' (?); ? leg 'as far' - 'from dark' (?)
- 145 lae-se : 'lae indiu' (DDU) .i. Féile Theachtaireacht
an Aingíl.
- 146 cheannach cháich : 'a cheannaigh cách' (DDU).
- 148 go bhfacaídh : .i. go bhfaca. Tá an fhoghraiocht 'bhfacaídh'
air fós sa Tuaisceart.
- 150 ruq : ' 's do rug' (DDU).
- 152 lér sásraigheadh : 'through whom satisfaction was
made for....' (?)
- 154 ós diot do ním dóigh : 'since it is in them I trust';
'os asat' (DDU).
- a shiúr : 'sister' Cf. PB 2,5; 4,41;
5,38 7rl. A Ó D II, VI, XIV 7rl.
Cf. L 176.
- 157 Le sochar : 'h-osadh' (DDU).
- 158 gan chabhair ón mbás : 'Ní bheidh an lbás fein ann le
faoiseamh a thabhairt dúinn' (?)
'Ní shaorfaidh aon rud sinn ó stáid seo an bháis' (?)
- 159 mbrostadt : ?leg 'mbrostú': 'stimulating, arousing,
gloating.'
- 160 na humhlachta : Bhí beim mhór ar 'umhlacht' Mhuire i
litriocht dhiaga na Gaeilge. Cf. PB 9 7rl.
ón ngáir ; 'from the outcry': 'slán' atá ag DDU.
- 161 an lae-se : .i. lá breithe na Maighdeana.
- 162 Iachim : 'Iacob' atá ag cuid mhór Lsí Botún ?
- 165 Óiginghean : 'Óigh-rioghan' (DDU).

167 dhíadha : 'ghriannach' (DDU)

gheibh carthannacht Dhia dár n-anmaínn: Féach 'Dhia'
mar Ghiníde. Cf. Réamhra.

'Fágh carthannas, Dia d'ár n-anamnaibh' (DDU).

170 cuidiú ár muscladh: 'to help to wake us : 'help,
awakening us...'

171 go ndéanaid umhlacht : 'a dhéanamh umhlacht' (DDU).


172 dúla : 'thuilde' (DDU).

173 i gcogadh : Cf. Dán Dé, III, XV - PB. Introduction p XVIII.

174 abhaill : 'apple tree' ní 'apple'.

176 'Is gur iomchair an ghrian thart fear gan oeacadh gan
smál' (DDU).

MEADARACHT.



Amhrán féin atá sna vai. uilig - gan
aon dhá cheann acu mar a chéile, e.g.

L 29-32. 4/ u X u u ua u ua u A u u i /

Laoithe Fiannaíochta - beaghach - sna ra. Focal
aontsiollach ar deiréach gach líne, beagnach. Aicill
i ngach leathcheathrú. An guta céanna meadarachta
ag deireadh à agus €, b agus d i gcónai.

I gcló cheana : An tUltach Nollaig 1934
 Filiocht na nGael pp. 162-3
 Irisleabhar na Gaedhilge Samhain 1901 (as Ls a
 scriobh Pádraig Ó Faircheallaigh i gCo. an
 Chábhán sa bhliain 1811 agus nach bhfuil
 feicthe agam).

Labhrann Mac Cuarta leis an Bhóinn i bhfoirm liodáin.
 Cuimhníonn sé ar a stair, ar a saibreas, ar áithreabhóirí
 a cuid bruach, (go hárithé ar Bhartley Wheet) agus ar a
 ghaolta féin a d'fhág sé sínte lena taobh.

- 4 Ar chuir tú a bhláth : Is dóiche gurb é an reamhfhocal 'de'
 atá san 'a' agus nach an fhoirm
 shealbhach 3ú Pearsa Uatha .1. 'in view of all the bloom
 you have cast'.
- 5 sliocht Eibhir Fhinn : Bhí Éibhear Fionn ina mhac ag Mílídhe
 agus bhí sé i n-Inbhear Colpa, deir
 Céitinn (Cf. Keat. iv. p. 277).
- 7 Liath linnghlas : 'grey (old) and of blue water'. Cf. 'ar bruach
 an locha Lindglais' (RIA Contrib). Ina áit
 seo sna heagráin eile tá 'ba ghlinn glas'.
- 8 cá ndeachaídh : 'Cá deachaídh' a deirtear i dTír Chonaill 'nuair
 cé go ndeir Ó Searcaigh go mbíonn urú
 indiaídh 'cá'. (Coimhréir Gh. an T. 5400 (d))
- 9 Ír : Mac Mhílídhe : cf. Keat iv. p. 336.
- 11 Mílídhe : Bhí 'Mílídhe' agus 'Mileadh' mar Ghínide..
- 12 ealt' : .1. 'ealta' - 'a flock of birds'.
- 13 Boghdha dearq : "Bodhbh" a bhí ag na heagráin roimhe seo.
 agus 'sé an fhoirm cheart stairiúil.
- 14 fá néirghidh : 'about which there arises' (?) ? leg 'fár' -
 bheadh an Caite níos oiriúnai.
- 15 na bhfian(n) : 'of the bands of warriors' (?) ; 'of the Fiann'
- 18 na mbarc : 'of the ships': 'na marc' - 'of the horses' atá i
 n-Irisleabhar na Gaeilge.
- 20 ó d'fháigeas mo lóin le do thaobh : 'ó d'fhágas' atá sna
 bhéagráin eile.
 An tré 'sandhi' atá 'lóin' ann ? - lón - 'food'.
 Cf. 'luán' - 'son' : 'lubhán' 'lamb' (RIA Contrib) : 'lon' -
 'blackbird'.
- 22 Maerer : 'Sé 'Brighid' atá ag na Lsí uilig ach amháin i C4.
 Ní dóiche gur 'Brighid' an rud ceart, áfách, mar
 tá 'Brighid' nó dhó' luaite i L24. Má chuireann muid an liosta
 seo i gcomórtas leis an liosta den chineál céanna i XXXVII
 chifimid go bhfuil 'Marghairéad' i n-easbhaidh anseo. Tá
 'Maerer' ag fragairt do 'Mharghairéad, is dóiche.
 Foghraíocht 'Mrér' (?) .
- 23 Shadhbhá : 'Sé 'Sadhbhá' an fhoghraíocht ar 'Sadhbh' i gCúige
 Uladh : cf. Fogh. Gh. an T. 59 Cf. XXXVII L.5
mo ló truaighe: 'my day of misery' (?); ? leg 'mo róthruaigh' .

A DHAOINE NACH TRUAGH LIBH MÉ.

I gcló cheanna : Amhráin Sh. Mn. C pp. 69-70
viii

Nóta ar na Lsí : I Don (atá 'caillte' anois) tá dán difriúl le Mac Cuarta - 'A Chairde nach truagh libh mise faoi ghruaim' (I gcló § An t-Ultach Aibreán 1930). Cuiréann an file mallacht chreathnach ar an té a ghoid ocht ngini déag uaidh.

1 truall : 'a wretch' (Dinn).

6 Lios Caomhan : (?) Tá 'Liskevin' i gCo. ra Gaillimhe, 'Liskeveen' i gCo. Thiobrad Árann ach níl aon ainm mar é i gceantar Mhac Cuarta - go bhfios dom.

Dia dílis 'na dhiaidh air : Cf. 'cuirim Dia 'na dhiaidh ort - I hold you responsible before God for it' (Dinn) Cf. L 19.

13 léars : 'amharc'. Cf. Dinn. s.v. 'léar.'

14 sa Retreat : 'sa tóir' (?)

16 air a dhúblaigh : Is dóiche gur 'scrios is léan' réamhtheachtaí 'a dhúblaigh' .i. "double" scrios is léan air". (?)

17 pianaidh : 'pianadh' - 'affliction' (Dinn)(?); nó 'pianaighe' - 'pain' (Dinn)(?)

18 siapach : (?) 'a bounder' (Dinn): 'weakness, wandering' (Ó Muireadhaigh).

21 múchadh : 'suffocation, asthma'.

24 phleancáil: Cf. 'plannoadh' - 'beating, bombarding'.

MEADARACHT.

Amhrán. Línte cheithir chéimeannacha. Níl i gcónai cruinn.
e.g. 17/4-8

- 24 uaim : Tá 'truaighe' ag déanamh Aicill le 'uaim' ach ní gá 'uaim-se' a dhéanamh de nó is dóiche go bhfuil 'truaighe' aontsiollach.
- 27 mo chroidhe, mo chrú, mo chná(1)nh gaoil : Sna heagráin eile, tá 'mo chroidhe, mo chnáimh, mo chraobh ghaoil'. Tá an comharda idir 'thoill' agus 'ghaoil' nearhrialta.
- 29 - 32 L, 29, 31, 32, 30 an t-ord atá ag Eg. 175.
- 30 dá 'do' atá sa bhonn - Ls. cí.'don'.
- 33 Cheannas na qCos : Tá a lán crosanna fá Cheannas.
- 34 go srathnaigh bláth mo scheinacht siar : 'may the blossom of my blessing spread westward' (?) : cf. s.v. 'srathuighim' Dinn.
- 35 an qhráidh : Cf. 'an grádh' (mar atá sna heagráin eile)
- 37 Bartley Wheet : Ní fios cé hé. Cf XXXII l 3 - , XIX L 31 -
- 38 plúr : 'the pick' (?) : ?leg 'pur' (pór (?)).
dona treabhaibh ard : Aidiacht uatha le ainm iolra. Cf. Réamhrá ; 'do na threibh aird' atá in n-Irisleabhar na Gaedh.
- 39 saoithiúil : 'learned'.
- 40 is féile láimh : 'whose hand is most generous !' (?)
'and generosity of hand(s)' (?)
- 43 nó go dtíllfead fo thír ó shíol Néill : ? Leg 'fo ghrír ó shíol Néill' (mar atá ag Irisleabhar na G. l. 'until I return shortly...!')
fó thír : 'to the land' (?)
- 45 i nDugha na gcrann : 'indiu na gcion' atá ag na neagráin eile. Cf. Hog. Onom. sv. 'Dúbad'. 'Dowth' ar bhruach na Bóinne.
- 46 Lúcás : Ní fios cé hé. Cf. XIX.

M E A D A R A C H T.

Laoi Fiannaiocht. Ceithre focaíl arceanta i o hformhór na línte ach trí cinn ar uairibh (e.g. 1.29-31). Aicill i ngach leathcheathrú, beagnach. Ceann deiridh a eaus c, b agus d ag iompar an ghuta céanna meadarachta, e.g. 121 - 24.

| | |
|-------------------|-----------------|
| uaighe - Ruaidhri | truaighe - uaim |
| uaighe - truaighe | Róis - dhó. |

IV.

I gcló cheana : Amhráin Sh.Mh.C pp.40-46 (as L agus G⁴)

NÓTA AR NA LSÍ: Tá na sean Lsí, Mor^{XI} agus MAL^K, an-chosúil le chéile - ón fhóinse chéanna dóibh, munar cóip MALK de MOR^{XI}. Tá difriochta idir an dá cheann seo agus na Lsí eile. Tá siad-san fosta an-chosúil le chéile agus b'fhéidir go raibh DON¹ ag scriobhai L agus DON¹ nó L ag Ó Gealacáin. Glactar ar ndóigh leis na sean Lsí ach amháin i bhfíor chor chás.

Caoineann Mac Cuarta a dhís deartháir, Brian agus Ruairí.

1. A dhearbhráthair ...: Is cosúil gur lena dheardháir Ruairí atá Mac Cuarta ag caint ar túis agus go bhfuil Ruairí tar éis bháis.
2. an gcluin : Foirm cheisteach an Láithrigh 2ú Pearsa Uatha.
3. chródhfhfir : 'o brave one' (?). Cf. 'chrófhfir' - 'death - '
4. ní dóigh gur : 'it cannot be that.'
6. ná sugh soileach : 'or the juice of willows' (?) leg 'na soileach' - 'of the willows'. (ní oireann sé seo comh maith don mheadaracht cé go bhfuil sé ag na seanlsí.)
9. Brian : deartháir Mhac Cuarta
- tar éis bháis : ? leg 'tar éis 'bháis'
10. ó ghonaibh triamhain do thromghrádh : go lit - 'from the weary wounds of great love for you.'
14. 's ní furas : 'it is not easy' (?); 'it is an easy thing' (?)
15. ndíleachta mur : ? leg 'ndíleacht i mur' 'summon your orphan towards you?'
16. bhur ndá bhochtóig : Sin mar atá ag na seanlsí. Ní iéir aon chiall leis, muna léifi 'ndagh-', ní muna raibh duine eile fágtha le cois Shéamais. Cf. 'uaibh-se bochtog.'
18. nathbhuan : Cf. 1.2: Le aon chiall a bhaint as caithfear glacadh go bhfuil 'éimhtheach' iolra.

19. ar an bhfeart : Is fearr 'feart' ná 'páirt' (atá ag gach Ls. aoh MALK) don meadaracht.
Bótún cóipeálaí? (bfeat)
21. na sé Niall : Cf. X 1 53. Seacht Néill a bhíonn i goeist de ghnáth.
22. gur dhearg mo chumhaidh-se : 'that my sorrow kindled' (?)
30. shadharcaín : 'primrose' (?); of. RIA Contrib.s.v.
'sobaircín.' Cf. 'shearorún.'
32. óm thinneas : ? leg 'i n-am tinnis' (na mall Lsí uilig) - atá beagáinín níos fearr ó thaobh meadarachta.
33. shúgaidh : 'cheerful ones' (?): cf 'súgaire' - 'merry andrew' (Dinn)
- go toigh : ? leg 'dtoigh' - a bheadh níos fearr ó thaobh meadarachta agus céille.
44. mo ghrádh : 'Mo ghrádh' atá ag na seanLsí anseo agus i L 48, L52, L 56 ach i ngach cás athraionn Ó Gealacáin 'mo ghrádh' is ouireann ornáid éigin leis.
45. Ní mar a chéile ord na línte ó L45 go L56 sna Lsí. Anseo tá sé mar atá ag MALK. (L45-56).
I MORXL seo mar atá 41-44, ~~49-50~~ 47-48 ⁷ 45-48, 49-52, 53-56. Sna Lsí eile tá sé mar seo 41-44, 53-56, 48-52, 45-48.
47. thriarthá : Níl an uimhir iolra le 'dhá' ach amháin anseo, d'réir deallraimh. 'tréith'
'charaqtaristio' (?) Cf. 'thríreach' - 'lyric': (cf. RIA Contrib.).
- dá chláir : .i. an dá chonáir; cf XXXVII 1.12.
49. dhootúir : Níl aī 'c' séimhithe.
54. dhá ionnailt : 'handmaids' (?) (RIA Contrib. s.v. 'inailt').
- rúm : 'room' an Bhéarla: sna Cruacha fós.
57. béid-se : lú Pearsa Uatha Fáisteanach. ? leg 'biad-sa'
sheargán : 'a shrivelled person' (Dinn). Cf. VI.27.

59. Tá difríocht idir an dá shean Ls. agus an Lsí eile anseo.
60. 's is fada liom an lá gan tuitim: 'Lá a' bháis' (?);
'bionn an lá fada' (?)
- 63-65. muna bhfuil tréas domh in /a/ iarraidh ort, cuir mise
'na ndiaidh gan fhuireach : 'if it be not treason in
requesting it of you, send me after them without delay.'
i.e. aniarraidh > aniarraidh > a niarraidh.
66. somplóir : 'one suffering from some striking disfigurement'
(Dinn).
66. crochbheo : 'hanging alive' (?)
69. ní rabhas dall : Ag saint go meafarach atá sé, is dóiche.
71. foinn : 'pleasure' (?); 'melody, song' (?)
73. chompar : 'chest, body' (Dinn).; 'in its place' (?)
77. Róis : Cf. II L 22.
79. mar trí : ? leg 'na tri'
80. 's gan linnte mo chinn dhá bhfolach : .i. tá sé ag
silt na ndeoir.
81. Conall nó Laoghaire : Laochra Eamhna. Ba cheart go
mbeadh focal aontsiollach ag ceann deiridh
an líne.
82. na con(a) : An chú ar ghlac Cúchulainn a háit. (?)
Cúchulainn féin (?) Bhí Conall Cearnach,
Laoghaire Buadhach is Cúchulainn i gcoimhlint
le chéile. B'fhéidir gur Ginide neamhghnáth
'cona'.
84. fá Naoise : Is léir gur fearr léamh seo na Lsí malla
ná 'Aongus' na Luath Lsí. Cosúlacht foghraíochta,
b'fhéidir ab chúis/ le 'Aongus' - 'enios'
'a Naois' (?) ? leg 'a Naois(e).'!
85. Nuala : .i. Nuala Ní Dhomhnaill, deirfiúr Aoidh Rua
'an bhean fuair faill ar an bhfeart.'
86. na dtrí seanóir : Cathbharr Ó Dómhnaill Ruairí Ó
Dómhnaill agus Aodh Ruadh Mac Aodha Uí Néill,
is dóiche. Cf. L.88.

88. cé caoineadh a brón i Labhán : Tagairt, is dóiche, don dán 'A bhean fuair faill ar an bhfeart' (cf. Duanta E.R.Mh.a Bh. p.136 -), a chum Eoghan Rua Mac a Bhaird 'do chumha Rudhre 7 Cathbhair Uí Domnll 7 Aodha Ruadh mac Aodha Uí Néill an 1608' mar adeir Ls. amháin. (Duanta E.R. p.424)! B'i Nuala (cf. 1.85) an bhean a bhí i gceist ach níl aon chrúthú go dtí seo gur i Labhán (Louvain) a cumadh é. Féach nach bhfuil 'gur' ar bith leis an 'cé.'
- 90 Fhiachra Ghuinn is Aodh : .l. olann Lir.
- 91 Nuala : .l. Fionnuala, iníon Lir.
- 92 's níor léig a' fuachas ar athlá : .l. 'she did not postpone her (the?) outcry'
93. Déanamh smuaineadh : ?leg 'a anam smuainigh? Is dóiche gur doileáire scríbhneoirreachta is cúis leis an mheascán idir 'deanamh' agus 'a (a)nam'. Cheaofá go mbeadh. 'smuaineadh' sa Ghinide' ach is féidir leis an Áinm Briathra a bheith san Áinmneach i gcás mar seo.
- urnaí na gcréacht : Urnáí an Tiarna sa ghairdín (?) B'fhéidir, afách, nach bhfuil i gceist ach 'urnaí' amháin agus nach bhfuil i 'na gcréacht' ach mír cáilithe.
94. is é thurnas mo sheandéar: 'it is that (.l. 'deánamh smuaineadh nó 'urnaí na gcréacht') which crushes my old tears'
104. bí ar chuaisne m'anama mar charaíd : 'be as a friend on the jury of my soul'. cf. I130.
105. ná haithfir oram-sa: 'do not blame me', 'do not reorach me.' Ef RIA Contrib s.v. 'aithber', Lochlainn 11. p 214.
106. m'aibhfeas a' caoineadh marbháin: 'my ignorance, lamenting a dead person'.
110. ná léig na diabhaíl fa m'anamsa: 'do not let the devils at (tō) my soul'
- 112 ag ofráil .l. 'ag urnaí' (?) Claonbhrí sa chiall 'urnaí' (?)
114. dom thóghbháil 'nurturing me' (?) Cf. 'theaghmháil'.
115. chíneadh Chuinn : na Gaeil (?) Féach an coimhréir 'Muna bhfuighead ... is i m'aonar atáin?
130. fhoirinn 'group' .l. an dís, Brian agus Ruairí.

Meadaracht.

Óglachas ar Dheibhidhe. Tá cuid de docht go leor (e.g. l 25-36) Tá an comharda idir deireadh na línte ceart go han-mhíníc. Níl uaim ar bith ann, beagnach. Cé nach bhfuil comharda inmheánach le fail go minic is minic a bhíos na gútaí meadarachta ag freagraírt do chéile sa leathrann.

- - - - -

V.

Agallanh idir Mac Cuarta agus Niall Óg Mae Murchaidh (Cf. XVIII etc.). ar an bhás, an breithinnas agus Ifreann.

2. déana : .l. 'déan' Cf. I 179.
an maor 'the steward' (?) Cf. I.12 I.13 L.22 I.68 I.69.
mhargán : 'bargain'. Cf. Seáalta Mhaintir Luinigh op. 12, 25, 51.
4. a chrú chroidhe na ndámh : 'o darling of the poets'.
truaigne : 'wretch' (= truagh).
5. ba teann : Níl an 't' séimhithe taréis 'ba'. Cf. Réamhrá.
6. nach sin : Tá sé anhrasach an 'sin' atá ea ls ar chor ar bith - b'fhéidir gur 'fíx' atá ann. 'Nach sin' - 'isn't it that' [is it not a fact that] (?).
10. is dearbhfhaoigse : 'truly nearest ...'
13. téarma : Cf. RIA Contrib : 'cios' (?) Cf. XI L.8 XVI 1.4,
16. garbhéhluasa : ag tagairt do bhodhaire Néill óig (?).
gclár : 'coffin'.
18. tormán : Foghraiocht 'tarmán'; 'confused noise' (RIA Contrib).
20. searbhtheacht : 'harshly discussing'.
22. mhaoir : 'a mhaoir' (?) - 'o steward': 'wear(y)' (?).
24. armáil : 'blame, censure'. Cf. Roinn agus Amh. XVI 1.46.
26. searbhacht : Ní dóiche gur 'searbhtheacht' atá i gceist anseo Cf. I.20.
28. ngarbhuaic-se : Cf. Dinn 'storm, tumult, confusion'. Cf. Coimhréir Gh § 11. Eisceacht é seo .l. an t-alt roimhe ainmfhocail a bhfuil aidiacht thaispeantach agus Ginnide ina dhiaidh.
32. ag creinnchrith : 'biting at and shaking' (?).
33. creimchrin : 'biting and gnawing' [ccreim + creadhbh (?)] Cf 'creimchrinn' (?).
34. morg - 'rotten, stenchy'
cheabhadh toirneasc i n-ár : 'he would obtain a respite (?) in [the] slaughter' (?).

36. -cheirt : Cf. Dinn. 1. a rag, a piece of cloth'.
2. 'an apple-tree' Imirt focal (in sensu obsceno) (?) Cf. XL1.
43. síorbhrosnadh : Arís, tá dabht an 'f' nó 's' - 'fior' nó 'síor' atá sa bhonn-ls. Cf. Dinn 'brosnughadh' - 'incite, arouse, stimulate, accelerate'.
44. chrích lae : 'the last day' (?); 'the vicinity of the day' (?)
45. a bhias : i. 'a bheidh mé' (?) .
48. grísghortha : 'burnt with heat'.
i gcáin : 'in punishment'.
49. beidh : 'Biaidh' atá sa ls - 'beidh tú' (?)
51. bairechreatha : 'with the extremities shivering' ..(?)
leg 'baírrchreathadh'.
- .55. ar cóir gola gan aoibh : dar cóir .l. ag tagairt dona 'leomhan soigraid' (?) ? leg 'ar cómhair gola, gan aoibh'.
58. ní ar bhrietheanhnas fhír chaoich bhias síorraidheacht an ghráidh : 'Eternity of love shall not depend on the judgement of a blind man' (?)
- .62. bheireas : 'bheirg' atá sa ls, cheapfá; tá an siolla deiridh doiléir; 'that brings the angry nobility of the King to conquer....'
64. aitheanta an dá chláir : ll. na h-aitheanta a thug Dia do Mhaoise.
'na ndorn 'into their fists (hands)'.
66. bírchte 'treasury'.
68. cead forbhfhláití don maor : 'permission to welcome the 'maor'. Diamharchiall le 'maor' - cf. l.2.
69. meanmnach ag Dia : 'pleasing to God'. Cf RIA Cont. 'spirited, bold, glad, in good spirits'.
71. Aindeas agus Eoin : Aspaill an Tiarna: bhí Eoin ina mhaighdean cibé fá Aindrias,
73. léirghníomh : 'atonement', penitential satisfaction'.
74. urbhrataibh : Níl sé soilléir an 'o' 'a' nó 'u' atá sa ls; Cf. RIA Contrib, S.v. 2 'or' - hair, mane'. (?)
- cróileacaibh : 'blood-stained stones' (?) Cf Dinn, S.V. 'cró leacht' - 'death bed, grave'.
81. Aa mórmholadh : Cuítear an véarsa seo i leith Mhac Cuarta sa ls, ach is dóbhe gur dearmad é nó sé seal Néill atá ann,
ó chrích choscradh an Pháis : 'from the time of the slaughtering of the Passion' (?)

83. le cealgaibh fir chaoich : 'by the tricks of a blind man'.
85. mhe/irg/airm : Ní féidir cibé atá i dir an 'e' agus an 'e' sna bhonn is a léamh Cf. 'mhear'.
86. foirf ninhe : 'a kind of poison' (?); cf. s.v. foirb (foirm) Dinn.; ? leg 'foirbhniú' - 'complete poison'.
95. i the reamhar: 'large eating' (?).
98. mar nónsaighim : 'as (which) I practice' (?). Cf. 'neósaim' 'I say'.
100. allbhroic : 'all + bhoic' - 'strange badgers' (?) : 'oll + ohroic' (?)
'chuirfeadh as crích : Who would destroy?
ghrbhchnoic : Imeartas focal ar 'chnoic' - 'choc'
 /in sensu obscene (?) agus 'thrück' (.1. chleas, Ach b'fhéidir nach bhfuil ann ach litriú foghraíochta ar 'garbhthric'.
107. bhocht : 'terrible'. Cf. 'Tá lá bocht ann' sa chaoint nUladh inniu.
108. dúil : 'súil'.
112. is leo ghiorra : is ro-ghiorra (?).
i bpéin : leg 'a bpéin'.
118. fineolta : 'subtle' (?) Cf. Dinn. s.v. 'fineálta'.
123. asaírchrig : 'contention' (?); Easair' (profusion) + 'chríg' (trick) (?).
124. ar Thulaigh Ó Méith : 'Tullyomeath' i gco Lú. Cf. XVIII, XXV, XL,

MEADARACHT.

Amhráin. Linte Cheithirchéimeannacha. 'Siad an dá ghuta meadarachta céanna (agus na focaíl chéanna) a bhíos i ndeireadh dhá líne a bhíos ag túis an chéad dá líne eile.

e.g. 11-8 u í u y í u A u u u Á
 u' 'ú t u u í u u A u u A
 u u Á u u Á u A u u u Í
 u Ú v u A u A u u u í
 u A u u í u u A u u A
 u I u u í u A u u A
 u A u u Á u A u u Ó
 u A u u Á u A u u í.

VI.

I gcló cheana : Amhráin Sh. Mh. C., pp34-37 As G⁵
 Duanaire na Midhe pp68-71 G⁵ E^I 7
Filíocht na nGael pp363-'4 E^I 7
Fíom na Filíochta. pp 94-'6 (As
 Amhráin Sh. Mhic C.).

Nóta ar na Lsí: Glacaim le Mur 105 mar bhonn-ls. cé gur minic na ceithre cinn eile ag aontú ina éadan. Ach ba Ó Gealacáin a scriobh trí cinn acu sín agus bhí scriobhai an chinn eile - Ó Cearnaigh - ag brath ar cheann acu nó ar an bhonn ls céanna. Tá difríochta idir Lsí Uí Ghealacáin féin - is minic G³ éagcosúil le G²G⁵. Bionn E^I cosúil le G² is G⁵ de ghnáth. Níl v. 10 (l 73-80) i Mur 105. Deir 6 Cearnaigh i dtaoibh an véarsa céanna - 'I found the following stanza in a copy of this fine song but I believe it does not belong to it'. 'Sé ord Mur 105 atá ar na véarsaí agam. Insna Lsí eile tá an t-ord difriúil - E^IG²G⁵ - N. 1 3 2 8 4 5 9 6 7 10: G³ - v. 1 4 10 3 9 5 2 8 6 7. Is ionann l.23-24 MUR 105 agus l.39-40 na Lsí eile - agus vice versa. 'Sé an t-ord atá ar l.41-48 sna Lsí eile ná 41 44 45 ? 46 47 48 - agus 142 ar láir. Is minic difríocht anmhór idir an téacs agus na vll.

Fágann an file slán ag Dúirthche Chréamhaín agus molann sé go nór é.

1. gleo : 'settling, adjusting' (RIA Contrib s.v. 'gleod')
2. Chréamhaínn : Tá ceist Chréamhaínn pléite ag Laoide (Duanaire na Midhe pp 119-120) agus Ó Muireadhaigh (Amhráin Sh. Mh. C., p5-). Ar túis, dúirt O'Reilly (Irish Writers) go raibh 'Crimhthuin' i gCo. Lú. Dúirt Laoide go raibh 'Créamhaoin' i gCo. na Mí, gurbh ionann é is paróiste Dhrom Conrách. Dúirt Ó Muireadhaigh gurbh réagún níos mó é ina raibh cuid den Mhí, cuid de Lú, fiú cuid de Mhuineachán. Mheas Niall Ó Dónaill gur i gCo. na Mí a bhí sé (An t-Ultach): Cf. Hog. Ohom. s.v. 'Cremthann' (p302), 'Crimthann' (p 307). Is ó 'Uí Criomhthann' a thagann an t-ainm agus limistéar mór a bhí ann ar dtús (ó Iarthar Lú go Fear Monach). Ach sa l7ú céad bhí cúngú mór tagtha ar an réagún; ní raibh ann ach dúiche bheag i gCo. na Mí, is dóiche, - agus sin an bhí atá ag Mac Cuarta leis.
3. an bharún leoin : An Fléimeannach, Barún Sláine, is dóiche.

4. i n-aice an oird Ghaodhlaigh : .l. beagáinín lastaigh den 'Pháil',
6. Réamonn : Ní fios cé hé. Tá Réanonn luaite freisin i XLVII.
9. súas : 'southwards'. Cf. 1.29, XIX 186, XXXII 133, XL 126,
10. chéadfaidh : 'troubled' (?).
15. rabhairt : Cf. 'rabharta' (Dinn). Cf. XXXIII 1.81, L1 128, XL 11 1.34,
20. táṁhaiill : 'táth + mhall'. (?).
21. ón Éirn' : Is dóiche gur ráiteas aiféalach é seo. Bhiodh cuid de bharóiste Dhrom Conrách faoi uisce sa Gheimhreadh.
25. Ath 'n Uisce Fhuar : 'near Druncondra, Co. Meath'. (Laoide)(?) Ní bhfuair mé aon áit den ainm sin.
partaigh : .l. 'party' an Bhéarla.
27. luath : 'luadh' (?) - 'act of moving' 7rl 'act of mentioning, discussing'. (R.I.A. Contrib.).
33. A inbhear fesc : Ag caint leis an Bhóinn. (?).
34. Loch na Séad : I Hog. Onom. o 503 tá 'Loch na séad; Loughnashade, nr. Navan Fort, 2m W. of Arm., Fn. ii. 1193.' Mheasfá go bhfuil seo rófhada ó thuaidh don tagairt seo. Ach deir Laoide 'Loch na Séad, a lake or ornamental pond near Drumcondra, Co. Meath'. Ag réamhthagairt do 1.35 et seq. (?).
46. fíabhrán : Cf. Dinn. s.v. 'fiarán' - 'rage, anger' 7rl. Cf. 156.
48. An Gríanán : Tá 'greenan' i bparóiste Dhrom Conrách, - is dóiche gur é atá i gceist anseo. Cf. 1.52.
49. le coin : 'late' (?).
53. Fhiadh Bhóth : Níl seo ach sa bhonn- ls. Tá 'Feahoe' sa chúinne ó thuaidh, nó b'fhéidir lastuaidh, de pháróiste Chréamhainn.
57. a Cloch Nua : Tá 'Newstone' i bparóiste Dhrom Conrách!
chóix : nó 'chómhair'.
59. Ní lia ná ceol... Téacs lochtach (?) 'Not more numerous (the jewels) than (the) music...' díomdha 'a circuit of ...' (Dinn) (?).
63. ghabhaid : Meascán idir 'gabhaín' agus 'gheibhim'.
73. Gardha Nua : Níor tháinig mé ar aon áit den ainm seo sa cheantar.

76. cuiseogai : 'stalks, blades of grass' (Dinn s.v., 'coiseog').
79. Alt na nUan : 'The lambs' ravine' near Drumcondra, Co. Meath'. (Laoide).

MEADARACHT.

AMHRÁN. OCHTFHOCLACH.

e.g. 1 1-8.

2 { A u o u A u ó
 u A u u ó É u o
 Á u ó Á u ó
 A u ó É u
 E u ó u É u ó
 u U u u ó É u .

- - - - -

VIII.

Fuair mé an dán seo i gCill Iníon Léinín le gairid agus ní raibh caoi agam nótáí a chur leis fós.
Níl an téacs cinníoch ach an oiread. Molann an file an Glantunach, Criostóir Óg.

VIII.

Igclo cheana : Cláiomh Solais Aib. 8 1916 (6 Tuathail)
Roinn agus Amh. 05. (as 23 N33 Lloyd)
200 de Ch. Ul. 0 346. (as 1s. dá chuīd féin
deir Ó Muirgheasa)
Filíocht na nGael P 129 (bunaithe ar 200
de Ch. Ul.).

Nóta ar na Lsí : Níl i 23 N 33 ach 6 1.5 go 1.16. Cóip Uí Thuathail de DonVil a chonaic mé. 'Sé atá i Lloyd ná cóip a rinn Lloyd 6 ls. dá chuīd féin Lloyd a chonaic mise. Níl aon eolas fá 1s. Lloyd ach tá a chóip di an-chosúil le DonVil (atá mall go breá). Níl. 1s. Uí Muirgheasa feicthe agam.

Labhrann an file le iníon Chuinn Uí Néill i dtaobh bás a londubh.

1. Chuinn Uí Néill : Ní fios cé é féin. Tá 'Ballymascanlon' (cf. cscrí) ar an taobh thoir thuaidh de Dhún Dealgain, trasna an chuain.
 2. do áir : 'your slaughter, your misery'. Cf. 'do fháir' - 'a hen's nest or laying place' (Dinn).
 3. is nach gcluin uaisle do chineadh féin a caoineadh..
'and (that) you do not hear the nobles of your own race lamenting(?) Más 'uaisle' an t-ainmni, rud a mbéifeá ag súil leis, ní mór 'tú' a chur isteach áit éigin. Cf. 200 de Ch. Ul. 'Is ná cluin uaisle do chinidh féin Thú 'caoineadh do spré ...'
 5. na n-éan : 'an éin' atá sna h-eagráin eile.
- lúthmhar luath : 'bhí lúthmhar indá' atá ag Ó Muirgheasa, ach níl an léamh sin móran níor fearr ná 'luath'. Tá comharda idir 'inné' (aontsiollach?) agus 'spré', ceart go leor : ach i r3 níl aon chomharda idir a agus c. Lena chois sin tá aicill aicill idix 'luath' agus an dara béimfhocal i b. 'uait, [cé i r 1 1.1-2 nach bhfuil an aicill amhlaigh, tá ingach leathrann eile].

6. theastaigh uait : 'there is wanting to you',
fhaoileann : 'a graceful woman' (Dinn): (iolan'
 atá sna lsí go léir.
7. muna mbíonn : Cf. 'acht mur mbí!': muna mbíonn -
 'if there be not' : acht mur mbí - 'except
 where there is'
14. tá : Cf. 'táir'.
15. gáire : 'laugh' (?) . nō Gníde de 'gáir'-'cry,
 shout' (?).
16. chan ceist dhuit . l. chan ceist ort .l. 'it were no
 cause of anxiety for you'.

MEADARACHT.

3r. + v. Óglachas ar Rannaíocht Mhór sna ra. Focal
 aontsiollach i gceónaí ag deireadh. Comharda ídir b agus d
 sna trí ra; ídir a agus c i r.l. Aicill i ngach
 leathrann.

An t-Amhráin: 4/ (v) x u u Á u Á u (u) (u) U u u í]

IX.

I gcló cheana : An t-Ultach. Féil Níchil 1925.

Nóta ar na Lsí : Cóbip do EG is ea F. Chonaic mé EG ar mhionscannán ; bhí sé doiléir ach beagnach mar a chéile le F. 'Sé atá i Lloyd ná cóbip a rinn Eamonn Ó Siadhail de chóip a rinn Laoide as Is 'dá chuid féin'. B'fhéidir gur as MOR^{XX} rinn sé an cóip nó is ionann an dá leagán. Is dóiche gur i 1792 a scriobhadh Donn^{II} agus glacaíomh le EG-F mar bhonn- Is cé go mbíonn na lsí eile neamhchosúil leis ar uairibh.

Trí Rainn agus Amhrán ag moladh Phádraig Mhac a Liondaínn. Sna lsí bionn trí rainn agus amhrán eile roimhe an cheann seo ina molann Mac a Liondaínn Mac Cuarta. Agus i gcuíd dena lsí bionn trí rainn agus amhrán ina ndiaidh ina gcáineann Ó Doírnín an péire eile. Seo iad /e eagrán an Ath. Mag Uidhir / Mac a Lionduinn:

i'le leannáin síre na suadh
annsacht gach ríoghain dreachshnuadh,
a fhoclóir fhírcheart ár bhfuinn
le ndúisgthear disleacht gach léighinn.

Ort níor cheil, más dual a rádh,
an dá mhac Alloid a dtromghrádh,
Go bhfuairis eolas i n-am tarta
go sreabha sídhthe na hinntleachta.

Léigheann súl. gídh nach léir dhíbh,
a ghnúis chéiliúdh gan anaoibh,
Dar liom ní tearc fá do chuin
gach téaghna is daoire don fhoghlúim.

Ó na trí triar sin tobair niamhghlain Chastalia d'ibh
an file grianach an deoch do riar tart ar baill do
ghaibh
's gach tuile thriallas ón tiobruid chéadna uadh ag
fás mar mhíl
ag frithéadh siansa an eagna diamhara ón mbántsruadh
shoir.'

Agus seo mar a chan Ó Doírnín :

'Más libh amháin is le mic Dághdha
blasadh tiobruid na niamh n-áille
a Dhia cá bhfuadar fá seach
saoithe Romhanda na h-inntleachta.

Nó Inis Fáil dá macaibh díl(e)
srotha taobhmhara saorghlain,
Na heagna (a) nailód do radh(adh) linn, -
aon brugh éoil an domhain.

Nó iatha iomdha an bheatha bhuaín
's gach tir ionnta gan ath-uain,
ag cothughadh éigse, fileadh is fáidhíbh,
i dtuille tréana trom-dháimhe.

Nach buile an chiall so a mheas gur diamhair dhaobh féin
 a chin,
 Sruth na niamh nuadh go huile d'fhéachaint is é i ngreis
 a shíl(te):
 Ó thiobruid Dhiagha ghlain na Trionóide is léir go dtig,
 Na tuilte grian ghlana úd, a ruithniugh fial-mhacnaidh
 Eabh(a) ó shoin'.

(Tá dán Uí Dhoirnín i Donn^I, ADD^I, BF^{XXVI} agus MOR^{XX})

1. A leannáin gráidh : 'o lover'. Cf. O'R. Poems 233.
- 1-2. na dtri dtriúr do mhaighribh áille; 'of the nine beautiful ladies' l. na 'Muses'.
2. ainiúl : 'ignorance' (?).
- 3-4. acht mac an Daghdha agus Sheara shoir, ní bhfuair clann Adhmaimh dhá dtiobraid : 'with the exception of the son(s) of Daghdha and Seara in the east, Adam's race did not receive anything from their fountain' (?). ? leg 'mic an Daghdha'. Siad na Tuatha Dé Danann 'mic an Daghdha' agus d'féis Keat iv p 441 'the Firbolg, the T.D.D. and the sons of Milidh separate in pedigree at Seara'. Is dóiche mar sin gur duine dena Tuatha Dé Danann atá i gceist. D'oirfeadh an 'tú' atá ag gach ls. ach an dá cheann aosta go maith, go h-áirithe ó tá codarsnacht i r 2 idir Mac an Daghdha agus 'tú'. Ach bheadh 'shoir' gan mhíniú ansin.
- 5-6. Ar dhraoidheacht Thuatha Dé Danann draoi fuair mac an Daghdha dá gcathraoi : 'by the magic of Tuatha Dé Danann, the druid the son of the Daghdha got to their city(?)'. (?) Caithfidh go bhfuil 'draoi' i gcomhaísnáis le 'Danann' féin.
gcathraoi : 'city' (?). ? leg 'gcaraíd' - 'friendship'.
7. mheal(1)r mbarrghlan mbinn : ? leg 'mheoir bharrghlan bhinn'.
8. Theangladar báidhe do chumainn : 'nascadar cairdeas leat-sa'.
10. Thoirdhealbhaigh : Deir Ó Cearnaigh (N33 o 45) gur seo grathair mór Mhic a Líondáinn.
11. do thabhaigh dhuit : 'earned for you' cf. 200 Ch Ul uimh. 138.
12. 's a' naonbhar músa : ? leg 'muses' : cf. XVIII 1.85.
 XXVII 1.23.
14. 'na bhun : ? leg 'na bun'.

MEADARACHT.

3r + v.

Oglachas ar Dheibhidhe sna ra. Uaim i dtuaixim is leath na línte.

An t-Amhrán : (u) u x u í u u x u í u u Á u u

X.

I gcló cheana: An tUltach, Márta 1930.

LAJ 9² 1938. (An t-Ath Ó Muireadhaigh).

Amhrán ag moladh Thoirdhealbhaigh Uí Néill agus ag impi air pilleadh go hÉirinn, áit a bhfuil sé a dhíth. Fear do Niallaigh an Fheadha an Toirdhealbhach seo - mac Aodh Buidhe mhic Airt Óig mhic Aodh Buidhe. Tá sé luate ag Mac Cubhthaigh i Marbhna Airt Óig Uí Néill (Amhráin Airt Mhic Cubhthaigh p.19)

* 'Chuaidh an iomad de Ghaedhilis, faraor, as Éirinn chum na Spáinne ag árdughadh a gcéime, Toirdhealbhach mac Aodh Buidhe, croidhe na féile Féidhlimidh Óg, is Dóghan 'na dhéidh sín'

Is dóiche gurb é an fear céanna é. Ba dheartháir dō an tAth. Feidhlim Ó Néill O.F.M. Tá níos mó ná Toirdhealbhach Ó Néill amháin luate i 'King James's Irish Army List' ('Alton) ach bheadh a lán den ainm sín ann agus b'fhéidir nach bhfuil an fear s'againne i gceist in aon chor. Tá 'Turlogh O'Neale' ina chaptain i gcoisithe an Choirnél Gordún Ó Néill (D'Altóní 627): 'Terence' O'Neill' ina leiftenant i gcoisithe an Choirnél Feidhlim Ó Néill (ii 760): 'Terence O'Neill of Aghnagrahan, Co. Armagh' sna 'Inquisitions on Attainers of 1691' (ii 635): 'Turlough O'Neill, Paul O'Neill, Hugh buy O'Neill' ar na daoine a d'ainmnigh Séamas II le maoín a mheasúnú le haghaidh cánach sa bhliain 1690. B'fhéidir gur ionann an fear deircannach agus ár bhfeart-na (agus gur 'Hugh Buy' a athair).

Seo mar atá sé ag 3 c 4 i.

Toiryealwac O Neill

A wacaow a heid a lasau do leighion
Go Baltic no taobh suas di
's ylacuis a ndiagh do haxa veih reiy
fuiy bratuighe x gead buachuill
Ta seath mliayna deag, a hoiryleay uí Neil,
o chahais do leim uaibne
sair feartaiv vic de agas vercy na naomh
go gastar leat scan buaive.

A yrinnfhlaith na muaiy vi chuimsiac dol uainn
hintleath a gruas leigne
Buy binnceart gan fhuah hlointith leat suas
peannvlasda an ogham gaoiyling.
Ansath na sluagh hcang warcaiy huairc
a chum sneasta dar yual feile
sgur chinnte do cuairt a vilscath na duann
a geannweart da uaisle Erion.

2. Baltic : go fileata = 'thar lear'

taobh suas: Níl séimhiú ar an 's'. Tá an dul fós i dTír Chonaill 'As an taobh soir eisean'. Cf. XVI:J, 60.

4. bhrataigh : Tá an litriú canúnach ag LIV^{III}.

7. mhercy : Foghraíocht 'ar' ar an 'er' mar atá i mBéarla an Tuaiscirt. Cf. XVIII 1.112.
néall ? leg 'naomh'.
10. laoighce : Gníde baininscne de 'laoighic' - 'logic'.
12. 'n uaim . Cf. RIA Contrib. 'uaim' - 'act of composing.' Cf. 'i n-uaim' : cf 'an fhuaim.'
15. Níl móran céille le 'cuairt mhilseacht-sa' na lsi is sine, mheasfá. ? leg "'mhilseacht 's a uain.'" Tá a lán vll déanacha ann a thugas ciall mhaith ach is dóiche gur "eagarthóireacht" iad.
17. Bhí Aodh Luaidhe is Art (Óg) ina dtaoisigh ar an Fheadha.
- ríoghraídh : Is dóiche nach 'dynasty' a chiallaionn sé anseo ach 'king.' Cf. XXI¹ I 41.
20. Fhenius : Ba é Feinius Farsaídh rí Scitia agus sinsear na nGaothail. (Keat iv p.297). Cf. xxxiv L 86. Bhí Scitia fá cheantar na Mara Duibhe. 'Sé foghraíocht 'stac' atá ar 'stoc'.
21. = 'Your relations are forgotten in the country... .' Cf. RIA Contrib. s.v. 'téit tar'.
22. acht : Cf. ' 'stá' (E^I)
- spraic : 'pover, dominion' (RIA Contrib.).
27. coradh : 'choir' (?). Cf. IGT DECL. §7. Cf. DINN. 'cór'. Cf. 'cómhrá'.
30. 'ndaor : Foghraíocht 'é' atá ar 'daor' anseo ach féach 'gaol' (1.21) le foghraíocht 'i': cf. festa 'caor' (1.38) - 'é' - ach 'caor' (1.74) - 'i'.
31. tusa réim : Cf. 'tú sa réim.'
- 33-34. 'Sé an t-Ath. Feidhlím Ó Néill O.F.II. a ndéanann Mac Cubhthaigh, ina dhiaidh sco, a lán tagairtí dó, atá i gceist anseo: cf. Amhráin Airt Ó hUig Cubhthaigh pp.12, 14, 19, 33, 46. Chum an Cearbhallaíoch dán fá dtaobh dó festa - Amhráin Chearbhalláin op.113-114. Tá ceist na bhFeidhlím Ó Néill pléite i Seanchas Ardmhacha I² pp.38-71 agus tagairtí eile do i Seanchas Ardmhacha I² pp.79-80, p.88; IV¹ p.65; II² pp.262-268. Meastar gur dó a scriobhadh an cóip de 'Trí Biorghaoithe an Bháis,' a scriobh Cormac mac Cuan sa bhliain 1724; gurb é a scriobh an ls. Gaeilge atá i Chicago (S.A. II²): go raibh sé ina gháirdian sa tSráth Eán (1733) agus i nDún Geanainn (1735). Bhí an t-Ath. Ó Muireadhach mí-cheart nuair a dúirt sé gur seo an Feidhlím Ó Néill a mhair le linn Oilibhéir Seannaithé Fluincéad.
37. Caty : deirfiúr do Thoirdhealbhach is do Fheidhlím: cf Amhráin A Mhic C. p.19.
'Caitrín, inchéan Apidh Duaidhe'

39. araon : Is fearr liom é ná 'a roghain' an bhonn Ls. Mar sin féin tá 'a (de) roghain' sásúil.
42. Brigansia : comhgarach do Chorunna. Ba é Breoghan - sinsear Mhílích Éaspáinne - a thóg Brigansia agus túr Shreoghain : gCorunna. Cf. Keat. iv. 188). ? leg ''gcathair Bhrcoghain''. (.i.'nō'om)
- 'gcathair : 'Sé 'gcáir' an fhoghraiocht: cf. Fogh Gh. S 325; Scéalta Mhuintir Luinigh p.xxvi; Réamhrá.
46. Domhnall: : Ní fios cé hé. Ba 'Domhnall' a bhí ar athair Airt Óig Úi Néill (bás 1769): cf. Amhráin Airt Mhic Cubhthaigh. pp.17-27.
47. binnbheach : Cf. Hessen s.v. 'binnech' - 'melodious'.
51. disle : Cf. ix. 1.13.
53. Cf. Amhráin Airt. Mhic. Cubhthaigh p 24 & 'Go dtáinig Art Ó Néill do léin cheart tríotha' 'Siad na seacht Néill ná Niall Naoighiallach, Niall Frasach, Niall Caille, Niall Glundubh, Niall Ruadh, Niall Mór is Niall Óg. [Keat iv. pp27-28.]
54. liag lóghmhar : 'jewel, precious stone'. Cf. RIA Contrib sv 'Lia Lógnar' Foghraiocht 'é' atá ar 'liag'. Cf. XXVII 1.7.
55. scaoilfeas dár : Cf. RIA C ntrib. 'scaoilim de' - 'releases'.
60. leodh : 'leodhaím' - 'hacking off'.
- 61-64. Coimhréir éigcinnte. B'fhéidir go bhfuil 1.61-62 i gcomhaistneis, go próileipteach, le 'na srotha gaoil-se'.
63. Ní dóigh: Cf. Dinn 'ní dóigh dhuit mé' - I am not intended for you'.
65. Éifeamhochón : mac Mhílích: Rí Éireann ; rugadh é i nGalicia na Soáinne. [Keat. iv. pp 280-281] Cf. xxxiv 1.90..
70. daingneach : cf. RIA Dict. Foghraiocht 'é' sa chéad shiolla - féach 'daingneach' A^I. Cf. Seanmóna Chúige Uladh p xix, Scéalta Mh. L, pxxvi, Réamhrá. Cf. XVII 1.22. XXXVI 1.34.
71. géimfidh : Tá 'geimhíd' ag A^I; tré thionchar 'éimhfidh' (?) .

- láin : 'na láin uhabra' 'lamb' atá sna luath-lsí:
- gcéibh : Tabharthach Iolra - 'gcuanta'.
73. do dh'oirbriagh : 'do sha thraighe' (which or produce?) (?). Cf. XVI 1.40. Cf. Ó Muireadhaigh. 'do bhárr a dá shíol'.
75. Helicon : Sliabh Gréagach. I ngar dá bharr tá fuarán Hippocrene as a bhfaigheadh na filí spreagadh.
77. dár ndíth : 'destroying us', ní 'wanting to us' Lughaidh XIV agus Philiú V.
81. cnonsoal : 'Constable'.
82. tonnghoill : Cf. s.v. 'tonngal' (RIA Contrib) - 'breaking in waves'. ? leg 't'ionghabháil'. Cf. XIV. 1 58.
- tuar tréithe 'bagairt laige' (ar námhaid); Cf. Dín. 'tuar suilt is tréithe'.
83. comhscár : 'coscair' (?).
dual : 'dubhál' (?). Cf. 'dubhghall'.
84. darrhaire : 'a herd of stags or deer, a bellowing or roaring of a stag' (RIA Contrib).
ruathair . Tá an 'th' cailte san fhoghraíocht.
85. gluais : D'fhéadfadh sé bheith aistreach ('tronthuile' mar Chuspóir) nó nearhaistreach ('tronthuile' mar Thabharthach Coimhdeachta).
86. le teann Philip : 'belonging to Philip(?); 'with Philip' (?).
86. gabháil : Foghraíocht 'ua' atá ar an 'abhá'.
87. chonsaighír ; 'observe' (cf. Dinn). Tá 'an chuain' ag na sean lsí ach ní féidir ciall a bhaint as.
88. léana : ? leg Léana - caolsheans go bhfuil sé ag tagairt do Chath Mhagh Léana.

MEADARACHT.

Amhrán. Ochtafhoclach. An-ealaíonta.

e.g. : 1 1-8 -

Sna reidhlínte níl aon ghuta neamhaiceanta idir an dara agus an triú guta meadarachta. Sорéidheann sé go dtí lár na gcorrlínte ar uairíbh.

| | | | | | | | | | |
|------------|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| e.g. 53-54 | u | f | u | u | É | í | u | u | é |
| | u | í | u | u | É | ó | u | | |

Athraíonn na gutai aiceanta ó cheathrú go chéile. Is minic a fágthar an guta neamhaiceanta tosaigh ar lár.

Tá neamhrialtacht le sonnrú i 1. 3-16,
1. 31 - 32 is 1. 41 - 48.

X1.

Amhrán 'scaoilte' - is mó is cosúil le 'folk-song' grá é. Níl ach ag Ó Gealacáin. Tá tagairt do Mhac a' Lionndainn sa líne deiridh, rud a réitíonn leis an tuairim gurbh é Mac Cuarta a scriobh é. Ní fios, ar ndóigh, cé hí an 'Peigidh' seo.

1. A néalta : ag tagairt don bhean (?); nó ? leg. 'tá néalta'.
3. níl dáil agam ; 'I have no meeting with', níos fearr ná 'd'fághaill' na lsí.
17. Gaidé'n ní: 'What avails it'.
20. A thoradh: .l. 'de thoradh' - 'in reward for'.
21. 'mhaonaigh: Tá 'macnaidh' baininsne .l. 'the warriors'.
22. ochum scrios na n-éirceach: Tá seo ag gach ls. ach an bonn-ls. ag a bhfuill 'i gcumas Iireann.'
23. a' t-éisteachtsa: 'this delay' (?).
- 25 -26. Nach cian a' t-éisteacht-sa ar ollaihh Gaedhaltacht le flaithe féile... 'Is not this silence of the ollaves of Gaeldom as regards the generous princes long?'
27. Róigh: 'Royal' (?) ? leg 'Róigh'.
31. dá thréine: ? leg 'dá tréine': 'dá thréine' - of his

31. dá thréine: ? leg 'dá tréine': 'dá thréine' - 'of his strength' (?) .
32. i dtaithe an leoin: 'as happens with the lion' (?); 'i gcaithidh' atá sa bhonn-ls.
- 33 - 40. Cheapfá go raibh an duine dá dtagrann an file sa véarsa seo marbh. (L33, 36, 39) B'fhéidir gur 'coirneoil Brian' éigin eile atá i gceist anseo. Cf. King James's Irish Army List II pp 16-19 - tá tagairt ansin do 'Bryan O' Fegan of Drumgagh, County of Down.'
- 36 - 37. Ghlac na tréanfhír... 'na dhalta cléibh é: Ní mar sin atá sé sa bhonnls, ach is fearr é seo. Níl 'é' sa bhonnls agus tá sé ag teastáil ón mheadaracht. Níor mhór gach líne a ghlacadh leis féin dá gclaoifí leis an bhonnls .1.
- 'ghlac na dtréanfhír bhí eachmhail éachtach; 'na dhalta cléibh as ucht a sciath:'
38. saorchnann: Ag tagairt don choirneoil Brian féin, go direach.
41. rioghraídh: Arís ag tagairt don choirneoil féin, is cosúil.
42. saoradh: 'freeing' (?); Cf. 'saothrú' (?).
44. dár marthain: 'of our living ones'. Cf. XLVIII L6 .
45. grísiúil: < gríos: - 'glowing, painful'.
46. Chormaic Eochaíd: Tá 'mic' idir 'Chormaic' agus 'Eochaíd' sa bhonnls. : ó thaobh meadarachta b'fhearr é fhágáil ann ach níl sé oiriúnach ó thaobh céille.
47. targaine: Foirm chanúnach de 'tarngaire'.
50. 'sealga: 'hunting' .
- 51 -52. Ní thuigim an tagairt .
- Chomaire: Ní dóiche gur 'chomairce' atá ann (is an 'e' baite) - foirm chanúnach.
53. chnú: .1. 'de chnú'.
58. do mhaithe: .1. 'sluaighe... do mhaithe' Mhic Naois' - 'with hosts of the nobles of the Magenises' (?). D'fhéadfadh L58 seasadh leis féin 'The Magenis nobleman is on the bays....' Ord neamhghnáth.
60. mhacaibh: 'mhacacimh' atá sa bhonnls (Iolra (?)).
61. feoirbhrasa: 'of strong streams' (?) .
62. ruaig ar: 'demand for....'
64. onuasa: Iolra de 'cnúas' - 'heap hoard' (Dinn).
- 65 - 66. 1691 an bhliain. Foirm chanúnach is ea 'chearchad' sealbhaigheam: Foghraíocht 'sealbheam'.

72. mhian: 'a mhian' - 'at his pleasure' (?): Cf. XVII L42
 Cf. 'ar mhín'; 'ar bhuidhin'.

Meadaracht

Amhrán. Ceithre céimeanna sa líne: ocht líne sa
 véarsa. An-chruinn. e.g.

L 57 - 64

| | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|--|---|---|----|--|---|---|---|---|--|----|--|---|---|---|--|
| 4 | | u | u | UA | | u | o | u | u | | UA | | u | ó | u | |
| | | u | u | UA | | u | o | u | u | | A | | u | í | | |

XXIV

I goló cheana: An t-Ultach Aibreán 1954 (Ó Tuathail).

Níl sé seo ach ag Ó Gealacáin é tá amhras ina thaobh, mar sin. Caoine ar bheirt íníon Éadbhoird is Éastair .l. Bríd agus Anna. Níl á caoineadh ach íníon amháin go dtí líne 52 - Bríd; ansin tosaítear a chaoineadh na beirte. Is dóiche go bhfuil an téacs loohtach.

1. Ros na Rí: Ar bhruach na Bóinne, i n-aice Bhaile Sláine
5. gáibhtheach: Cf. 'goimhtheach' (An t-Ultach).
6. loiscreáin: 'conflagration, burning, destruction' (Dinn)
8. Éadbhoird is Éastar: Tuismitheoirí na beirte a fuair bás. Níl aon eolas ina dtaobh ach go dtugann Ó Gealacáin 'Bereil' mar shloinneadh orthu. (Cf. King James's Irish Army List I p.123) Tá 'Berrillstown' i bhfad níos faide ó dheas ná Ros na Rí - soir ó dheas ó Theamhair. 16 Béarlaohas.
19. 's gan aici acht í: Ach tráchtar thíos ar an dá inghean. B'fhéidir - má tá an téacs ceart - go raibh Anna marbh roimh Bhríd.
21. Chill Searrthan: Tá Cill Searrthan i n-oir Cho. Lú lámh le 'Castlebellingham'. (Hog Onom s.v. 'Cell Saráin') Tá 'Kilsharan' i gCo. na Mi.
35. Loch Gabhann: (?) Cf. loch Gabhar (.l. 'Lagore' lámh le Dún Seachlainn) 'Loch Cé' atá i 'An t-Ultach'.
40. bpáirt: 'party' / = 'cara' / (?) Cf. L66. Cf. IV L51.
41. chálain: Tá an 'th' báite i lár an fhocail. Cf. Réamhrá.
47. a mb'fhearr a dhol i gcómhra: 'who would rather go into the coffin....' (.l. teachlaigh a raibh sé á gcountas).
55. an Iarla: .l. fuil an iarla.
58. gconóir: .l. 'gcorón'. Cf. Réamhrá. Tá an fhoghraíocht sin go faille ar 'corón' i n-áiteacha i gCúige Uladh.
62. uaisseadh: 'difficulty' / Nóta i BF XXXB/ 'uais' - difficult'
67. hóigmhnaoi: = 'hóigmhná' (?).
68. chumpha: .l. 'chumtha' ; Cf. Dinn - 'handsome'.
73. mar atáid: 'since they are'.
75. gidh stad: 'Stad' a úsáid go neamhghnáth.
78. saoi: Tá 'saoi' baininsne i ndán XXXIV L 36.
84. go leanfaidh bhfuil beo: 'until all who live follow....'

Meadaraoh

20 R - V

Oglachas ar Rannaiocht Mhór sna ra.
Amhrán

4 | (u) (u) X u (u) É u (u) É uu X u (u) í (u) |

I gclo cheana: Amhráin Sh. Mh. C. pp 60-62.
Roinn agus Amhráin pp 11-13.

Dán i bhfoirm agallaimh fá bhás na hÓgmhná Féars

Ceapadh go minic gur agallamh an dán seo idir Mac Cuarta agus Niall Óg Mac Murchaidh fá bhás inghín Néill. (Cf. Roinn Amhráin pp 11-13, pp 73-74; P.Ó Conaire agus aistí eile pp 88-89. Maighistri san Philidheacht p 262. Ach Cf. Amhráin Sh. Mh. C. pp 50-51, pp 60-62). Dúirt O Gealacáin gur agallamh a bhí ann idir Mac Cuarta agus Niall Óg 'ar bhás inghíon Uí Niail'. Is dóiche - cé nach cinnte - gur inghean Néill óig a bhí i gceist aige. (Cf. XLI).

I dTuireamh Néill Óig (XVIII) tá cur síos ar an dis atá ag 'cruadhghol' ina dhiaidh - 'an t-aonmhac, cá phór' agus 'ríogain na rós... aon inghean Néill Óig' Dá bhri sin, bhí Niall Óg marbh roimh a inghean. Ní dóiche go raibh aon bhaint ag Niall Óg leis an dán - nó ní bheadh sé ag caint fána 'inghean bhláith' rí. munarb í a inghean féin a bhí i gceist.

Cé leis, mar sin, a bhfuil Mac Cuarta ag agallamh? Measann an t-Ath. Ó Muireadhaigh gur le deartháir Néill Óig, Seán, ach ní thugann sé aon fhianaise (Amhráin Sh. Mh. C pp 50-51). Is dóice gur le Tulach Ó Méith atá sé ag caint mar a bhí i XVIII. Cé 'bhí sé a chaoineadh? B'fhéidir gur inghean Néill Óig - nó inghean éigin eile sa réagún. Dáir Ls. Hardiman gur a inghean féin: ach is léir ón dán nach amhlaidh (agus bheir dán XLI le tuiscint nach raibh inghean ar bith ag Mac Cuarta).

1. Créad fár thréigis cumadh an cheoile: Cf. XVIII L.26 Áit a dtugtar 'cnoc na héigse' ar Thulaigh Ó Méith. Bhí oírt ró ar a laghad 'scoil' filíochta ansin, ní foláir.
5. Ní cian damhsa do bheith dall: 'Your being blind grieves me not'.
6. Leann mo dhear: 'my teardrops' (?) : 'the melancholy of my tears' (?).
8. róimh: 'burial ground'. Cf. XVIII L.54.
13. screadaigh: 'shrieks' 3ú Pearsa Uatha láithreach Tásoach.
14. greagnadh: Cf. Dinn s.v. 'greagnuighim', 'griogadh', RIA Contrib s.v. 'grednach', 'gréchadh', ? leg. 'gér-éagnach'.
15. do ghoil Máire is Márta ar Iosa: 'Mary and Martha implored Jesus weeping' (?). Meascán idir 'guillim ar' agus 'golaid' (?). Cf. Eoin xi - xii.
32. 's gan agam dá seort acht í amháin: Ós rud é go raibh dlúithcheangal idir Niall Óg agus an Tulach agus nach raibh ag Niall Óg ach inghean amháin tá seans gur do inghean Néill Óig atá an file ag tagairt.
34. dá dhóghadh: 'to burn him' (go lit 'to his burning') Cf. Gen. xxii.
37. Ismael: Cf. Gen xvi 7rl.

52. má fágta, a thulaigh, do inghean: Wheasfá ón líne seo
 (agus freisin 6 18, (?) 1 24, 1 32 l 47-8) nach
 raibh an inghean ach i mbéal báis, i gcruth is go
 mb'fhéidir gur Niall Óg an comhchumadóir indiaidh
 an iomláin. Ach is dóiche go bhfuil sí marbh.
 'if your daughter is left' (mar atá sí .l. marbh). (?);
 'leg ' 's ná fágta'.

Meadaracht

12 R. - IV.

Óglachas ar Rannaíocht Mhór sna ra. To minic níos mó ná
 seacht siollaí sa líne. Faoal aontsiollach ag deireadh gaoth
 líne. An guta meadarachta céanna ag ceann deiridh an dara
 líne agus ceann deiridh an ceathrú líne i goónaí. Uaim is
 Aicill le fáil fríd.

Deilbh an amhráin:

4 ((u) A ü u (u) Á u Á u (u) A u u í).

XXVI

Amhrán ag moladh Bheiti Ní Néill

Níl sé ach ag Ó gealaocáin, mar sin, ní féidir a bheith cinn te an Mac Cuarta a chum é. Ní fios cé hí an bhean seo. Bhí a lán Niallaigh i ndúithche Mhac Cuarta agus níos mó ná aon 'chaiptín' amháin ina measc.

2. mo néall fuaidir: 'my hurried sleep' (?),
7. do sméid: 'winked' , 'made a private sign'. (Dinn).
- 7 - 8. do thug léith ní chuir mearadh ar mo chéill uamsa; 'she took a thing from me that (had) baffled my sense' (?); 'she went off, a thing that baffled my sense (from me)' (?); ? leg 'léith' - 'affection'. 1. 'she gave affection, a thing that baffled my sense (from me)' (?).
9. A crobh lag macithmeoir: 'her soft hand of tender finger(s)'.
is éachtdha go mór: 'that is much more wonderful'.
11. a tharraingeadh i galó: 'that used to embroider'. Cf. 'a galó'.
20. lághach: 'neat, pretty' .
22. ar snámh i loch Éirne: Cf. 'ar snámha loch Éirne. (Lsí).
27. macántas: 'gentleness' (?). Cf. RIA Contrib.
28. aigneadh: 'gaiety' .
31. caismear a mheithil: 'the signal of his party' (?);
leg 'a bhéil' Cf. XVIII L.94.

Meadaracht

Amhrán Ochtfhoclach. Gan é ráchruinn i gcónaí.

L 1-8 : 4 { (u) u X u u (U) É u (u) X uu (u) É }
{ (u) u X u u u É UA }

XXVII

I gcló cheana: LAJ i p.68 (Donnellan)
 Amhráin Chearbhallán p.9.
 HARD 1 p.4

Nóta ar na Lsí: Níl aon difríocht idir A¹ agus F.

Bhí Toirdhealbhach Ó Gearbhallaín, an ceoltóir clúiteach ar cuairt chuig Mag Uidhir ag an Iompó Deisil i gContae Fhearmoanach. Thug an coirnéal Mag Uidhir leis go Contae Lú é, mar ar chuir Séamas Dall Mac Cuarta faoi. Tugadh an péire - Séamas Dall agus an Gearbhallaínach - ar aonláthair i nganfhios dá chéile. Thosaiodar a sheirm dara achan phort ar an chláirseach. Indiaidh tamaill dúirt an Gearbhallaínach :

"Is binn bog bréagach a sheinneas tú"
 D'fhreagair an Dall:

"Is minic a bhíos an fhírinne féin searbh".
 Nuair a fuair an Dall amach cé 'bhí ina chuideachta d'fháiltigh sé roimh Thoirdhealbhach Ó Gearbhallaín i mbriathra an dáin seo.

(Feic Amhráin Chearbhallán pp 8 - 9:
 LAJ. Donnellan p.67 Tá 'Fáilte do Chearbhallán' eile ann ann comh maith - 'Imchian fáilte dhuit 'mo dháil'. Tá sé curtha i leith Mhac Cuarta i gcuid dena lsí agus i leith Mhac a' Lioinnduinn comh maith.

- 3. ghlúnmhar: 'big-kneed' (RI4 Contrib). Cf. Donnellan - 'waving'.
 An féar ag fás go dtí na glúine ann (?).
- 3. Oirghiall: Cé gur athraigh teorainn an limistéir ar a nglaoitear Oirghiall go minic, ciallaíonn sé go coitianta
 'Contae nó fearann Whic Mhathghamhna' .1.
 Co. Mhuineachán agus cuid de Chontae Lú.
 Cf. XVIII L.154 L.175
- 7. liag Lóghmhar: Cf. R.I.A. Contrib s.v. 'lögmar' Cf. X L.54 /14/15)
- 8. .1. 'go dtí go ndéanfadh an laooh seo Uladh a chur faoi chois' (?).
- 11. Carbungal: Cf. Dinn s.v. 'carmhogal'.
 Féach go bhfuil 'carmhogall' mar vl. sa líne seo ach nach bhfuil i L.18.
- 15. Chloinne Chuirc: Ba é Corc a bhunaigh Caiseal.
 Tugtar Clann Chuirc ar na Muimhnigh.
- 19. Orpheus: Tá cáil ar Orpheus i miotaseolaíocht na Gréige mar gheall ar a ohumas oeoil, lenar chuir sé crainn is clocha is beithigh allta faoi dhraíocht.
 Cf. XLVII, Ll.
- Chloinne Chathaoir: Na laighníoch. Cf. XVIII L.137.
- 23. muse: an focal Béarla áit a mbeadh 'bé' ag filí na Mumhan Cf. IX L.12.
- 25. fá luigheann grian: 'san iarthar' (?); nó 'under the sun'
 (mar atá i LAJ).

Meadaracht

7 R + 1 v

Óglachas ar Dheibhidh sna ra. Is minic níos mó ná seacht

siollaí sa líne. Bionn an comharda deiridh briste. Uaim agus comharda innmheánach anseo is ansiúd.

An t-Amhrán :

4 (u x u (u) Á u Á u (u) x u u Á.)

XXVIII

I gcló cheana: An tUltach, Bealtaine 1926

Nóta ar na Lsí: Ní hionann an t-ord atá ar na ranna i ÁI agus sna lsí eile. Tagann R 3 roimh R 2 iontusan.

Impíonn an file ar shagart na paróiste gan a chiall a leigean uaidh d'ainneoin é bheith tugtha don ói (?). "A tippler's appeal to his parish priest, Father O'Neill to strengthen him against the seductions of James Grummin and his girl Mary in their pothouse". (O'Grady Cat. p. 615).

1. gruaimín: 'a sullen little fellow' (Dinn).? leg Ghruaimín' - 'Grummin' (O'Grady).
 3. fínealta: 'subtly' (?).
 4. charáiste: 'deportment', 'gait' (?).
 7. Máire: .1. 'an Mhaighdean' a luaitear i L.10.
 8. pátrún: 'framework' (?).
 11. leo í: Tá 'uaim í' na lsí malla níos fóirstíni don meadaracht anseo.
 12. Níl sé soiléir cad is bri leis an líne seo. Arís tá 'Má gheibh tú ar a luach í 'nÉirin(n)' na lsí malla ionmholta.
a : .1. 'de' (?).
 13. A shagairt Uí Néill: I liosta 1704 níl ach dhá 'O'Neale' (i n-Aonbraim agus i dTir Eoghain) agus 'Neill' amháin (i nArd Mhacha). Tá trácht ag Mac Cuarta ar an Ath. Feidhlím Ó Néill O.F.M. i X. Ní féidir a rá cé atá i gceist anseo.
- a shliocht: .1. 'de shliocht'.

Meadaracht

3 R - V.

Óglachas ar Rannaíocht Bheag i R1 agus R 2. Comharda, aicill agus beagainín uaimé. Óglachas ar Dheibhidhe i R 3 - comharda is aicill.

An t-AMHRÁN :

4 (u (u) X u u É u (u) É u u U u A).

XXIX

I goló cheana: Amhráin Sh.Mh.C. pp.74-75 (as E).
 Roinn agus Amh. p.1 (as UCD⁸ EG146
 G² G³ (?)).
 Filíocht na nGael p.198.
 Fáinne an lae. 6 Meith 1925 (Finnbheara).
 An Stoc Samhain 1925 (Tadhg Ó Ceallaigh).
 Poblacht 12 Jan 1929 (Ó Muireadhaigh).

Nóta ar na lsí: Scriobhadh cuid de LN 127 i 1713 ach níl im deimhníoch ar fad an sa bhliain sin a scriobhadh an dán seo ann. Tá an dán ar leithead an leathanaigh sa ls. seo; agus níltear cinnte an bhfuil bhfuil aon bhaint ag an cheanntideal (atá ar fhad an leathanaigh agus i láimh dhifriúil) leis an dán. 'Sé ord LN 127, EG 146, EG 126 (atá mar a gcéanna, focal ar fhocal) atá ar an dán agam. I E, UCD⁸ is G² 'sé an t-ord :- 1 - 4, 9 - 12, 5 - 8, 13 - 16: i Cam 4436: 9 - 12, 5 - 8, 1 - 4, 13 - 16; i G³ 1 - 4, 9 - 12, 2 rann úra, 5 - 8, 13 - 16. Seo iad na ranna breise atá ag G³.

"Éin bhig, bhuagaidh, cheolmhar, bhinn,
 fáiltim do cheann idir Éadhaiil
 ná bhfuil shéul na bhfear leat ó'n bhFrainc?
 air do theacht air tuinn go hinnis néill.

Air éra, ar úaisle, air ghoil, air ghníomh,
 ar chródhacht na láoch 7 air a n-éucht
 gaisgidhneacht Ghórdúin 7 Bhríain
 7 Dún Uí Néill fuigh thúrsa na ndíáigh."

Ní Mac Cuarta a chum na línte sin
 Is minic a easaontaíonn na lsí le chéile.

Dán ar an chuach agus ar dhaille an fhile féin.

- 2. chaoine: 'external surface, rind'. (Dinn).
- 3. tuirse: 'sorrow, affliction' .
- 9. gné: ? leg " 'gné' ".
- 15. nach gluaisim: Níl aon urú ar lorg 'nach' anseo. Cf. Réamhrá.

Meadaracht

3 R * V. Óglachas ar Rannaíocht Mhór sna ra. Níl uaim ar bith ann.

An t-Amhrán :

4((u) X u u UA u UA u (u) U u u Á)

XXX

I goló choana: DDU p.71 /as Mor ^{XI} agus E, deir an t-Eagarthóir/ .

Dán cráifeach ar an chéasadh - an t-ábhar beagainín scaptha.

Níl sé cinnte an Mac Cuarta a chum é seo. Níl sé curtha ina leith ag Mor ^{XI}. Tá a ainm ós ceann an leath-anaigh, gan é 'beith ós ceann an dáin féin i Liv ^E. Is cosúil go raibh Liv ^I facina bhráid ag scriobháí E. Níl L.17 ~ 20i Mor ^{XI} .

4. Longinus: Luaitear é go minic i litríocht na Gaeilge.
6. clódh: 'appearance, shape' : nó 'destruction' (?) .
8. ag teacht ón spín: Tá seo ag na lsí uilig ach is 'a' dörtadh ón spín' atá i DDU. Tarlaíonn an rud céanna i L.2 'saín) gcroich (Lsí) - 'gan sgith' (DDU) agus i L.4 'féach an tsleagh' (Lsí) 'rinne goin ina chlí (DDU).
9. ríoghadh: 'binding'. Cf. 'wrist(s)' (?) ; Cf. L.31 .
13. mar théacht an purpar mín: 'how the smooth purple (cloak) thickened' .
16. go nuige: 'Go dtí' an gnáth-rud i gCúige Uladh.
21. an tiomna: (?) 'Mulier, ecce filius tuus... Ecce mater tua!'. Eoin xix L. 26 - 27.
24. mar nár adhair: 'how (because ?) he did not worship...' .
- 29 - 32. Tá an tAmhrán ar bharr leathanaigh i L ^{IV} ^I agus níl sé soileir gur véarsa deiridh an dáin é, Mar sin ghlac scriobháí E (agus Mal ^G) agus A. Mac Lochlainn i Celtica ^{IV} gur túis dáin eile é. Ach is cuid den dán seo é i Mor ^{XI} agus sin mar is ceart dō 'bheith.
29. créacht A chroidhe ón dall: 'His heart's wound (inflicted) by the blind man'. ? leg 'créacht' .
30. seirbhe na digne: Is foghraíocht 'é' atá ag an chéad ghuta de 'seirbhe' . Seasann an phrása seo leis féin - tá sé neamhspléach ó 'téadaibh' .
32. 's nár géilleadh dlighe dō ann: .1. níor tugadh seans dō é féin a chosaint ós coinne an dlighe (?) .

Meadaracht.

7 R + IV Óglachas ar Rannaíocht Mhór sna ra. Is minic níos mó nó níos lú ná seacht siollaí sa líne: ach tá focal aontsiollach i goónaí ag deire an líne. Tá an comharda deiridh ann i goónaí beagnach. Aicill rialta go leor. Gan mórán uaime ann.

An t-Amhrán :

4 (u U' u u É u É u f u (u) A).

XXXI

I gcló cheana: Éigse I /Ó Tuathail - as EG²⁷.
 Dán ag moladh an Easpag Ó Siadhail. /Sé Liv²⁷ mo bhonn
 Ls. Níor thuigeas i n-am go bhfuil EG² 40 bl. ríos sine²⁷.

'Sé an Dochtúir Séamas Ó Siadhail, easpag Dhún agus Conaire, abhar an dáin seo. Tá cuntas air ag O'Laverty. Diocese of Down and Connor, Ancient and Modern, The Bishops pp 511-8 agus Iml III pp.398 -. Rugadh é i gCo Aontrama: ba dhaoine fiúntacha a mhuintir: chuaidh sé isteach sna Proinsiasaigh /Ó Lav.²⁷. Sa bhliain 1668 tá Antoin Ó Gearnain O.F.M. ag gearán fá shagairt airithe i gCo. Lú nár dhiol a síntiús le costaisí an Bhiocáire Aspalda a foc. Molann sé go ndéanfaí cosc a chur ar na sagairt seo. Ina measc tá Reverendus Jaco. Shiell /Collectanea Hib. 6 - 7 p.123²⁷. Ní féidir a rá arbh é seo an t-easpag. Fuair an t-easpag ardoideachas sa Róimh, agus ina dhiaidh sin, bhí sé ag teagasc i bPrág. Moran, Spicil Ossor II p.485; O'Lav; Mooney, Irish Franciscans and France p.116²⁷. Fuair sé údarás le facistin a éisteacht sa bhliain 1687. /Seanchas Ardmhacha IV p.65²⁷: bhí sé ina ghairdian i nÉirinn go dtí 1698 /Ó Lav; Moran²⁷. Tá easaontas sna tuairisci ina thaobhanois. Deir tuairisc amháin gur chuir na Péindlithe an tóir air chun na Fraince óna deachaidh sé go hAlbain /Moran; O'Lav; Mooney²⁷. Deir tuairisc eile go bhfuair sé údarás arís le facistin a éisteacht sa bhliain 1697, agus go ndearnadh Gairdian i nDún Dealgan dó sa bhliain chéanna, mar a raibh sé go dtí 1700 /S.A. IV p.65²⁷. Pé scéal é, sorfobh sé 'A reply to Dr. Jennings Challenge', a foilsiodh sa bhliain 1699. Sorfobh sé foista 'A Treatise which clearly sheweth the only religion that is truly conformable to the express word of God'. Bhí sé ina ghairdian ar Chlochar Phroinsiasach Dún Pádraig ó 1703 go 1708, agus arís sna blianta 1714 agus 1717. Bhí sé ina ghairdian i nDrom Mór 1708-9. Ansin bhí sé ina Bhiocáire Ginéarálta ar Dhún agus Conaire. Rinneadh easpag ar Dhún agus Conaire dó i ndeire na bliana 1717. /Brady, Episcopal Succession I o.273; Ritzler and Sefrin, Hierarchia Catholica V p.188²⁷. Meastar gur chuir sé faci i n-Ahoghill i gCo. Aontrama agus go bhfuair sé bás i Mi Lúnasa 1724 (O'Lav.). Ainmníodh a chomharba i Mi Lúnasa 1726. Cuirtear an dán i leith Mhac Cuarta i ngach Ls agus tá sé cosúil le dán XII. Cén fáth a goumfadh Mac Cuarta dán don Easpag Ó Siadhail? Bhí baint éigin ag an Easpag le Co. Lú agus lena chois sin b'fhéidir go raibh iomrá air mar shagart le comhacht mhiorúilteach. /Cf. O'Lav. iii p.398²⁷.

- 3. na gcúig goroidhe: 'the five wounds'. Cf. Aongus ó Dálaigh XXIV, Pilib Bocht Ó hUiginn VI γrl.
- 4. fá mheirg: 'under the banner of' (?) /l. meirge²⁷ : 'because of the reproach of' (?).
- 13. a chéile Conaire: An smaoineamh go bhfuil an t-Easpag posta ar a dhíoise /cúis an fháinne²⁷ anseo.
- 15. a cheannfoirt ar ansaot na n-ord: 'a cheannaire ar na hoird ansa!' (?); 'a cheannaire a bhfuil grá ag na hoird ort' (?); 'a cheannaire na nord siocar tú a bheith comh grámhar' (?).
- 16. a Mhagnéis 6ir: 'O golden Magnet' (?) : 'O Prince of Gold' (?) : 'Monsignor' (?). Cf. XXVII L.8.
- 18. magnés: 'magnet'. Cf. XXVII L.8.

24. Dún na Bó: Dún Bó, inniu 'Dunboe', paróiste i gCo. Dhoire. (Ó Tuathail).
27. Seán: 'John Bull' (?). Cf. XII L.5.
30. deaghmhac do rí Inse Fáil: 'Óir is follus gurab Éireannach do thaoibh a athar é, do bhrígh go léaghtar i naoimhsheanchus Éireann gurab é Feidhlimidh mao Fearghusa Ceannfhoda mic Conaill Ghulban mic Néill Naoighiallaigh do ba airdrí ar Éirinn fá hathair do Cholum Chille'. (Keat iii p.102).
- 32 - 35. ag Niall an óir do scair bhur bpáirt: Bhí seachtar mac ag Niall Naoighiallach Orthusan bhí Maine agus Conall Gulban. Ar shliocht Maine tá na Ó Siadhail agus ar shliocht Chonaill Gulban tá Ó Domhnaill agus 'gach aon dár chin uaidh'. (Keat iv pp. 28-29).
33. Niall na naoi dtalla: Cf. XVIII L. 128. Niall Naoighiallach atá i gceist (Ó Tuathail).
37. Axal: Tá an focal seo mínithe i Ériú XVIII p.164 'apostle'. Is dóiche gur cheap Mac Cuarta gur ainnm dílis a bhí ann, rud a thaispeánann go raibh eolas aige ar an traidisiún - a chuaidh amú i mbri an fhocail.
41. na grádha: 'ecclesiastical orders'. Cf. Comhairle Mhic Clamha L.235.
44. i nAlbain úr: .l. i nOileán I.
- 's i nOsraighe thiар: .l. Durmhagh.
45. tá dúil agam: .l. tá súil agam. Cf. XXXIV L.6.
- a cheann na n-ord: gaírdian Proinsiasach (?); nó easpag (?).
46. go leanfair-se ród: ? leg 'go leanfair sa ród'.
51. 'do stíobhard aca an triúr: Tá 'aca' neamhgnáth anseo. Cf. 'ag' EG².
55. crúcaí: 'grasping persons' (?) (Dinn s.v. 'crúca' crúcach') Cf. XII L. 7. ? leg 'orúcaigh'.
58. na naoi n-ord: .l. naoi nórð n-aingeal. Cf. XXXV L.17 /RIA Contrib s.v. l (c) ord(d)/.
61. chumhachtaigh: Eoghraíocht 'chóchtaigh'.

MEADARACHT.

15 R + 1 V

Óglachas ar Rannaíocht Mhór. Go h-an-mhinic bíonn níos mó ná seacht siollaí sa líne. Gan mórán ornáidíochta uaim is Aicill is coitianta.

An t-Amhrán :

4 ((u) A (u) ó u A u u í).

XXXII.

I gcló cheana : Amhráin Sh.Mh.C. pp.46-50 G⁴ G⁶ G⁷

NÓTA AR NA LSÍ: Nil sé ach ag Ó Gealacáin agus ní réitíonn tri Lsi Uí Ghealacáin le chéile ar uairíos. 'Sé G⁶ an ceann is maille agus is dóiche gur G³ is luaithe ach ní fios an Lsi úra nó 'eagarthóireacht' is cùis leis na hathruithe. Is dóigh le Ó Muir-eadhaigh (pp.46-47) go ndearna Ó Gealacáin cuid mhór athruithe agus, gan dabht, tá bun lena thuairim.

Tá an file ina sheanduine is an bás ina ghar: smaoineann sé ar a ghaolta atá marbh agus molann sé an Bhóinn.

2. ón Chabraighe go raobh Dhún Léire : Tá Dun Léire soir ó dheas ó Ath Phirdia i gCo. Lú. Ghlac an tath Ó Muireadhaigh gur 'Kingscourt' a dhí i gceist le 'Caphrach.' Tá 'Cabrach' i n-aice 'Kingscourt' ach tá ar a laghad dhá 'Cnabhrach' eile i gCo. na Mi - ceann acu thiar ar theorainn Cho. an Chabháin beagnach, i ngar do Mhagh nealta agus an ceann eile ag Teamhair (cf. Hog.Onom.). Ní féidir a rá ciacu ceann atá i gceist.

3. Beartaman Fuighit : Tá tagairt dō i ndán II agus b'fhéidir i ndán XIX. Is cosúil gurbh ó 'bhruachaibh na Bóinne' é.

seabhac : Cf. XIX. Tá sé inspéis go bhfuil a lán focaill sa dán seo atá le fáil fosta i XIX e.g. 'seabhac', 'macnaidh', 'scaoith', 'pónar,' 'ealta,' 'buachailli,' 'fóghmhar,' 'báire' (?), 'teannas' (?) agus an Fóiteach.

bharrайдh : 'excellent' (?). ? leg 'bharraithe.'

4. corradh is : 'odds and'

7. 'na scaoith : Is fearr 'na' ná 'ná'

8. gaol Uí Néill : Ní léir cén 'Ó Néill' atá i gceist nó cén áit atá i gceist.

9. uaidhse : 'away from you' (?); 'by you' (?).

11. a chuallai : 'his supporter' ; < 'cuaile' (?).

12. grinn : 'pleasant'.

13. a shluaighte na hansacht : Is fearr é seo ó thaobh céille ná G⁴ agus ó thaobh neadarachta ná G⁶.

14. seamsáin : Cf. Dinn s.v. 'seamsánacht' - 'droning muttering.' < s.v. 'seamsán' - 'nail, wood sorel.' 7

17. an abhainn-se : An Bhóinn.

dhá triall : ? leg 'a' triall'

26. an teoirint : 'the territory' (?) ; 'the torrent' (?)
- 21-24. Is insna línte seo atá an easaontacht is mó i measc na Lsí agus níl réiteach deimhniúch ar an scéal. Tugaim G³ sa téacs.
23. m'adhlaeach : Foghraiocht 'ia' ar 'adh' anseo.
24. roilic na nIarlai : Deir C. Mureadhaigh 'probably Louth.'
28. Bháire : ? leg 'bháire' (= 'game'). Más ainní dílis é ní fios domh cá dó a dtagrann sé, ach cf. Hog. Onom. s.v. 'Báirche'. (pp.93-94)
- 31-32. Is dóiche gur i dTulaigh Ó Méith nō sa cheantar sin a cuireadh Niall Ó Maic Murchaigh, file agus cara Mhic Cuarta. (Cf. XVIII). D'réir II is 'chois Bóinne a cuireadh Ruairí, deartháir Mhac Cuarta. Caithfidh go bhfuil an téacs truaillithe.
- 35-36 mar a bhfuil na buachailli a shuathfadh gan fhasacht tuataigh bhur dteannfachais pónair : 'where there are the lads who would shake without sloth your bean-fed boors'. Cf. XIX 16. teannfachais; ('teann' Cf. XIX 1 51 (?).
39. Tá an line seo lochtach ó thaobh na meadarachta de: ní 'bhaile' an focal ceart don mheacaracht ? leg 'bhailte' [] Teamhrach.'
50. fearantai : 'fields, domains' Cf. XVII 1.106.

MEADARACHT/

Anhrán. Ochtfhoclach, - cruinn de ghnáth
e.g. L 1-8.

| | | | | | | | |
|---|-------------|---|-------|---|---|---|---|
| 4 | (uu) Xuu | i | u (u) | a | u | u | i |
| | u A u u (u) | i | u (u) | é | u | | / |

XXXIII.

NÓTA AR NA LSI: Nil i LN 127 ach L.85-88, L.93-96. Níl an dán i bhíorth agallainh sa Ls. Ar p.2 den Ls. tá an tideal 'Brian Ó Cell cc' agus 5 ra. (.i. L 1-4, 9-12, 17-20, 25-28, 33-36). Ar p.3 (6s coinne p.2) tá an tideal 'Seamas mha Cuarta cct' agus 5 ra.
5-8, 13-16, 21-24, 29-32, 37-40 Ar p.4
 leanann cuid Uí Cheallaigh ar aghaidh, ar p.5 cuid Mhic Cuarta. Is léir, afách, gur agallamh atá ann - nó go dhfuil Mac Cuarta a' freagairt gach rann do chuid Uí Cheallaigh, pé scéal é.

Tá an t-ábhar pas doiléir. Is léir gur tugadh drochbhail ar na capaill ar chuma ar bith. D'réir dealraimh tháinig muintir na Carraige lena stéada le Naínni a bhuauchaint. Theip orthu is tugadh drochide dá stéada. Fágann C Ceallaigh an locht ar Mhic Cuarta adeir gur C Ceallaigh is a cháirde a rinne an scrios.

2. Charraig : Ainm áite is dóiche. Tá 'Carrick' i gceantar Cheannas Mór.
5. déanamh réitigh : 'to solve a dispute' (?); 'to fix a marriage' (?).
6. ó thig nō chéile : (i) 'ó thig 'na chéile' - 'from each other's house' (?).
 (ii) 'ó thig chun a chéile' (?) :
 (iii) 'ó thig nōchéile' - 'since a new partner comes' (?).
10. fhuachais : 'a fissure, pit, den' (Dinn s.v. 'fuachais'). Cf. 'an outcry' (Dinn s.v. 'fuachas').
12. igártha gáiri : 'cries of laughter'.
Baile an Bharúin : Tá dhá 'Baronstown' i gceantar Dhún Seachlainn d'réir 'Census 1851.' Tá ceann acu díreach laisteach do Theamhair agus an ceann eile níos faide ó dheas aris.
- 17-20. Comhréir beagáinín neamhrialta.
26. fáth : 'fa' atá sa Ls. Is fearr 'fáth', dar liom.
- gcéilíbh folaigh : 'their secret spouses' (?).
29. Tighthe Challainn : Paróiste i gCo. na Midhe. Cf. XLV (Nótaí).
36. Naínni : Tá aoha an 'Nanny' giota beag lastuaidh de Bhaille an Bharúin agus cheapfa gur i atá i gceist anseo. Cheapfá, ámh, ó rann Mhic Cuarta gur Naínni an 'bigohean', agus is cinnte go mba i ó L.90.
40. ní mhaoidhfinn aithreach : 'I would not mind the transformation.' (?) .

45. fá bnás : 'by the death of'... (brí uirlise, ní ama is dóbhean).
52. bhearraidh : ? leg 'bhearraithe'
55. nachar léar dhanh-sa : 'that I could not...' (go lit. 'that I could not see to cut.').
56. 6 thuiteas oidhche : 'from nightfall on!' Cf. 'since I fell one night.' (?)
62. gaisti . 'tricks' (Dinn). Cf. XXII L.40.
81. rabhairt : 'outburst of desire' (?). Cf. VI L.15. (?) Cf. 'áinle' - 'swallow' (Dinn); 'áiniale' - 'hero, warrior' (RIA Contrib.).
83. blacghardai : 'blackguards.'
85. Ní bhionn achti. 'there is nothing in Slane but'
92. aon fáth : ? leg 'é'n fáth' < 'sín é an fáth'. MÁS 'aon' - 'one' é ba cheart go mbeach séimhiú ar 'fáth.'
96. huircinn : 'a cleaver or bulhook' (RIA Contrib.) Taoharthach Uatha atá anseo, ní Iolra.

MEADARACHT.

20 r. + 4v. Laoi Fiannaiocht sna ra.

| | | |
|--------------------|---|---------------------------|
| Amhrán - L.81-84 : | 4 | (u) X u (u) á u u á u u A |
| | | u u é |

I gcló cheana : An t-ULTACH EANAIR-FEABHRA 1955

(C Tuathail)

NÓRA AR NÁ LSI : Fágta sinte fada ar lár beagnach i gcónai i s.G.118.

Níl an Tuireadh seo curtha i Leith mhac Cuarta ag éinne ach ag Cé Gealacáin. Ach tá sé i gcnuasach 'hic ihuircheartaigh' agus ar chúiseanna stile, ádhair agus 'tíreolais' is léir gur mhac Cuarta a churi é.

Caoineadh ar onás an Athar Philip Ó Raghallaigh. Rugadh Philip Ó Raghallaigh sa bhliain 1649. Rinne Oiliúnear Pluincéad, Príomháidh teidealach Ard Mhacha, sagart aóis i n-Ard Pádraig i gContae Lú sa bhliain 1674; cf. I.E.R. (1876) XII p.480-1. Sa bhliain 1690 bhronn an Rí, Séamas II, reachtaireachtaí 'Grangegeeth and Mountnewtown' air. (cf. Cogan. The Diocese of Meath 1. p.407). Cláraíodh é i 1704 mar 'Popish Priest of Monknewtown and Grangegeeth' agus dúradh go raibh cónai air ac 'Mooretown in the Barony of Slane.' D'ullmhaigh sé a uaigh féin agus thóg croich cloiche ós a ciorn ar a raibh an scribhinn 'This cross was erected by the Reverend Phelim Reilly, Anno Domini 1711.' (cf. Cogan. Vol.ii p.308). Ni bhfuair sé bás go dtí 1722, d'réir an dán seo.

1. Múrtún : An 'Mooretown' a bhfuil tagairt déanta de thuas. Inniu tá 'Mooretown House' roinnt míle lastuaidh de Bhaile Sláine; ach ta 'mooretown' eile tuairim is míle ó Bhaile Sláine agus sin an ceann seo.
- 2-3. Dhéanann 'dúnta' is 'Luan' comharda le chéile. Foghraiocht 'ú' ar an 'ua' i 'Luan' mar atá fós sa tuaisceart; cf. L.5. 'nuaiumeacht' L.7. 'huain' L.21 'cnluainteach.' ach cf. L.53 'uainghil.'
6. nó dúil le : .i. nó súil le. Cf. XXXI L.45.
7. conganta : foghraiocht 'cúnta'
8. dá n-umhlaighid na sluaighe : 'whom the hosts obey.'
11. drúcht : An 'R' caol, mar tá fós i gCúige Uladh.
12. scúid : 'swarm' (?); cf. Dinn s.v. 'scúd.'
13. Lúcas : Cf. L.110. Lúcas Ó Raghallaigh. Gaol dó, is dóiche, cé nach dóiche gur a dhearthaír é.
19. Bhaile Nua : Tá 'Newtown' tuairim 's leathnibile ó 'Mooretown House' inniu. Ach ni hé sin ach 'Monknewtown' atá i gceist anseo.
21. Luadh ; 'speech' anseo.
25. Cnú : 'Knowth' (?), 'Crqud' (?).
26. dugha : 'mourning in every fort' (?) : nó ainmáite - Dowth (?). Cf. 'dughadh.'

27. Nuagránsaighe : Tá 'Newgrange' ar ohruach na Sóinne.
28. Athraíonn an mheadaracht anseo.
36. a' tsaoise : 'this noble'. Cf. 'taoiseach'
37. stiobhard : foghraiocht 'i' ar 'iodh'.
38. sipeir : 'sheeper'.
43. smuainigh : foghraiocht "i" ar "uai".
46. dá cruadhchadh : 'of its hardness'.
52. aingeal : Sé foghraiocht 'iol' atá ar aingeal anseo. Cf. Scéalta Mhuintir Luinnigh pxxvii ; Fogh.Gh. § 293: Réamhrá.
56. aon : Anseo sé 'ion' an fhoghraiocht atá ag 'aon' ach féach L.128 nuair is 'éan' an fhoghraiocht. Cf. Réamhrá.
56. ridibh : 'reeds'.
64. scaoileadh : 'broadcasting, preaching'.
66. dhol suas leis : 'to go up with him (i.e. 'Criosta-so') (?)'.
67. priláid : Anseo 'sé 'i' an fhoghraiocht atá ar a' chéad ghuta ach i L.107 thios 'sé 'é' an fhoghraiocht.
72. maoin bhó : 'cattle wealth'. Is cosúil go dafuil an 'a' sealbhach i.e. "'s a luach' - 'and their value' (price).
75. cios deor : go Lit. 'tribute of tears.' ? leg. 'ciste ó(i)r.'
- 's a chroidhe : 'and his heart' (?) : 'from his heart' (?) .
77. craobheir : 'cryer'.
79. Athraíonn an mheadaracht anseo. Go dtí seo ní raibh sa líne ach trí céimeanna ach tá ceithre cinn ann ó seo go deireadh. Ní athraíonn an mheadarachtanois go dtí an ceangal.
- mar chualaidh : 'as you heard' ? leg 'chuallai'
83. Galamh : 1. Mílich Easpáinne, mac Bhile mhic Breoghaín. Chuaigh sé ar fheachtas chun na hÉigipte. (Keat iv). Cf. L. L.17.
84. Magh Séanaix : Sa Bhabhlin. Bhunaigh Fenius scoil teangan ansiúd. (Keat iv).

96. Raghallaigh : 'Sé 'réil' an fhoghraiccht atá ag túis an fhocail seo.
101. Europ : Caithfidh gur foghraíocht 'é' atá ag túis an fhocail 'Europ.'
104. éagnaigheam : 'let me accuse.' Cf. RIA. Contrib. 'écnraigidir'. 2. 'accuses, complains of'.
105. dolaigh : 'injurious, hurtful, detrimental' (cf. Dinn.) Cf. 'doiligh' - 'sad, difficult.'
108. é féin : Ni thagrann 'é féin' don 'phrélaíd' i L.107 ach don Athair Philip ... 'himself.'
109. marai : 'mariner, navigator' (RIA. Contrib.).
110. Gaol don Athair Philip an Lúcas seo, ní foláir. Cf.L.13.
112. fear fuath dho : 'a man who hated him' (?). Ta an dul neamhghnáth, más sín a chiall.
115. Barraigh : Is cosúil gur ainm dílis 'Barraigh' - 'Barry' - anseo agus nach bhfuil aon bhaint aige le 'barr' nó 'barrach.'
119. 'dréim : 'contending, vying with' (Dinn) .Cf. 'téighim i dtréim le' - 'I concern myself with' (Dinn).
- chruaichse : 'Champion'. Is cosúil gur 'cruach' - 'heap, stack' an focal atá i gceist.
121. a nuabhas : ? leg 'i nuathbhás'.
125. sé féin : cf. L.108. Dia atá i gceist anseo.
- truaghán : 'miserable person.' Cf. 'truagh ann.'
127. rogha : feghraiocht 'é' atá ar an 'ogh.'
128. dá gcuallaithd : '..... of whom one has heard' Cf. 'gouallaithe.'
129. méadadh : ? leg, 'méadú'
130. Aserus : Féach Leabhar Dhainéil. Compánach do Daniel a bhí ann. Ba Abednego a ainm Babilóineach (L.133) Tugadh é féin is Daniel isteach go cúirt Nebuchadnesar, Rí na Babilóine (L.132). U'éirigh leis triail an tróscadh a sheasamh. Teilgeadh é féin, Sadrach is Mesach isteach san fhoirnéis a bhi ag spréacharnach le Lasair, ach cha dearnadh aon diobháil dóibh. (Dn. Caib.3).

131. Mordaceus : Ba é Mordecai uncal Eastair agus an fior Laoch i leabhar Eastair.
139. Féach go mbíodh na sagairt ag cuartaiocht.
147. gaol : 'é' an fhoghraiocht sna focail 'gaol' agus 'taobh.'
150. 1722 an bhliain.

MEADARACHT.

148 L. de Chaoine + 1 v. Amhrán. Sa Chaoine 'sé 'ua' an guta meadarachta deiridh. Ó L.1-78 tá tri céimeanna sa líne:-

L.1-27. 'Siad ú ú, ua na gutai meadarachta.

L.28-30. a á ua

L.31-78. í í ua

Ansín ó L.78-148 tá ceithre céimeanna sa líne
(u)(u) x u u é u é u ua.

An tAmhrán: 4 { (u) x u u é u (u) é u (u) x u u á }

XXXV.

I gcló cheana: DDU (Eírí Ó Muirgheasa.) oo 195-202.
 Duanaire na Nidhe. Seosamh Laoide
 pp. 109-114.

Dán cráifeach.

Deir Ó Gealacáin go dtugtar 'An Dán Breac' air siocair gach re ceathrú a bheith gaírid (rannaíocht) agus fada (amhrán). Deir sé fosta 'It is the best piece of composition that ever came from the lips of Courtney'. Tá scéilín ina thaobh '... An Dall Mac Cuarta a rìnne é. Dubháirt sagart éi 'nteacht leis i ndeireadh a laethe gur ohronn Dia buaigh na filidheachta air, agus gur dhona an fhéidhm a bhain sé as, mar nach dteárn sé dán maith diadha ariamh. Thug an Dall isteach do'n tsagart agus thosuigh sé agus chum an dán seo... ' (DDU o 201). Níl ann ach scéal, is dóiche: chum an Dall dáonta maithe diadha eile (e.g. I XXV) agus ní dóiche gur i ndeireadh a shaoil a chum sé an ceann seo.

1. Is claoídhthe chuir Ádhamh Rena chlannaibh : 1. 'is mífhearúil do chlis Ádhamh ar a chlannaibh'. cf. Dinn s.v. 'cuirim le' :

7. coirtheach : 'ciantach'.

12-13. mír : 'morsel; portion of food'. Tá sé baininscne i D 13 ach firinscne sna lsí eile uilig. Bhí sé Neodrach fadó.

13. fuar : Cf. 'a d'uaidh' (G³). Ní dóiche go raibh an fhoirm liteardha 'd'uaidh' ag Mac Cuarta.

mo chrádh nár bh'abhaill gan ubhaill : 'a city that it was not an apple tree without an apple'. Cf. 'nachar bhabhal (a bowl?) gan ubhall' (Liv^{II}. Cf. XVIII L. 7.

14-15. fár thuileadar cách ... acht an inghean... : 'by which all fell ... except the virgin ...'

16. 'leith : 'forward'. ? leg 'Leith(e)'.

17. naoi ngrádh : 'the nine orders (of angels)': cf. RIA Contrib. s.v. i 'grád'.

21. aon : Foghraíocht 'ín' anseo air. Cf. Fogh. Gh. § 59; Réamhrá.

22. córa : 'choir(s)'.

nach maireann a luach : 'priceless' (?).

23. neamh is : ? leg 'neach as' (Lsí is sine).

24. Naoi Astar : 'Noah'.
 'expedition'. Cf. XLVIII. L. 23, mar a bhfuil sé leathan fosta. 'Aistear' an gnáth fhoirm.

27. Criostann : 'Christian' l. 'fidelis', duine den phobal tofa - níorbh Chriostaíthe iad ar ndóigh. Cf. Philip Bocht 16.6.
28. shleamhain : 'slippery' (?) ? leg 'sleamhain'. (Faisnéiseach).
29. an pobal-sa Dé : Féach 'pobal Dé' luaite go minic aige.
33. go saora tú : Cf. D 13. 'go saorad tú' < 'go saora tú'.
39. ó theagáimh na náimhde : 'since the enemy happened to be ...' Cf. Roinn agus Amh. p. 93. s.v. 'theagáimh' - Jú Pearsa Uatha Caite de 'teaghaim'.
40. agramaoid páirt ar bhainríoghain chothairthe na naomh : 'we pray to the queen who nourishes the saints for her friendship (intercession?)'.
46. do shanntú : 'to desire (to have the Messiah)'.
47. as geall : 'from bondage'.
48. taithleach an tnúth : 'olacating (making up for) the envious action' (?) Cf. RIA Contrib. ? leg 'táithliagh'. ? leg 'd'aithle'.
- tnúth : ± tnúth' (?) ? leg 'tnúth'. Caithfidh sé 'bheith sa Ghinide'.
54. an eaqla 's an iota a' gríosadh gorta agus fuath : '(their) fear and thirst causing (encouraging) hunger and hate' (?). Cf. 'fear and thirst, burning, hunger and hate': ? leg i neagla 's i n-iota'.
58. beannú Dia : Tá 'Dia' mar Ghinidé. Cf. Réamhrá.
64. do riar : 'to obey' (?); 'to maintain' (?).
- 64-65. texannaibh Póil : ? leg 'texa naomh Póil'.
66. fuaradar an Eaglais ón Phápa : 'the Church received the (.i.e. the texts) from the Pope' (?) 'they (Pól is na hapstaíl) received the Church (an creideamh?) from the Pope (?).
67. lean briathra : 'they (Pól agus na hAostaíl?) followed the words...' (?). 'Follow the words...' (?). suibhisceal t 'evangelists'. Cf. Gadelica I.
72. i gclár ghil 'ochta : 'in his fair chest' .
74. ina gcúig : Cf. XXXI l. 3. Cf. L l. 38.
caomhthúda : 'soft' (?).
79. ó gach aon : 'ag teastáil ó gach aon' (?) : 'ag gach aon' (?). Cf. G3G5.



80. dearg ón georcairfhuil : 'red with the crimson blood'.
82. tréatúir : 'traitors'. Caithfidh gur iolra atá ann.
85. a díol : 'her portion, her lot'.
86. ag amharc : 'at the sight of' (?): 'beholding' (?) - gan 'ar'.
92. 's budh leor a sheirbhe chum cosc iota : 1. Bhí sé comh searbh is go n-iméodh an tart duit i bhfarras é a ól.
97. 'Sé 17 00 bliain chumtha an dáin - ní raibh Mac Cuarta indeireadh a Laethe an t-am sin. (Cf. thuas).
98. maighdine : Sé 'máedine' an fnoighfaiocht! Cf. Réamhrá.

MEADARACHT.

12 r. + 12 v., gach re ceann + 1 v. Ceangail.
 Óglachas ar Rannaíocht Bheag [1-4, 9-12, 33-36, 41-44, 65-68, 73-76, 81-84, 89-92] agus ar Rannaíocht Mhór [17-20, 25-28, 49-52, 57-60] sna ra. Comharda, uaim, aicill ann. An t-Amhrán - véarsaí cheithre líne. Cúig chéim sa líne. fhuaim i lár báire. Deirlbh dhífríúil ag gach véarsa.

e.g. 21-24

| | | | | | | | | | | | |
|-------|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|----|
| 4 | u | O | u | í | u | í | u | A | u | u | UA |
| 93-96 | 4 | | | | | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| O | u | u | í | u | í | u | u | X | u | u | A |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|

XXXVI.

- I gcló cheana : Roinn agus Anh. pp 2-4 (as ADD^I agus L).

Agallamh i bhfoirm amhráin idir Mac Cuarta agus Aodh Mac Oireachtaigh. Cúrsái ceannasaíochta atá a bplé - Mac Cuarta ag moladh ceithearnaigh coille na linne (na Tóraithe) agus Mac Oireachtaigh á masladh agus ag moladh na sean Niallach.

Níl eolas ar bith fá chéile comhraic Nhac Cuarta. Cuireadh an dlí ar 28 Tóraithe i nDún Dealgan sa bhliain 1714 agus ar sheachtar eile sa bhliain 1718 (fear dar bh'ainm 'Bryan Byrne' ina measc). L AJ IV Níl ach 32 líne den dán i L agus MAL^I.

2. ar fhéile : 'on the count of hospitality'.
3. Mac Daéid : Ceithearnach coille, Níl aon eolas faoi. Deir Éamonn Ó Tuathail gur 'Brian' a ainm baiste ach ní féidir sin a chrúthú - ó fhianaise inmheánach, ar scor ar bith.
4. le n-eirigheann cruas chum cródhacht: 'with whom hardness rises to meet valour'. (?)
5. ban scéimh : ? leg 'barr scéimh'.
6. gach maighre ar uaisle ar Eoghain : (?) Téacs éigcinnte.
7. lucht toghaídh: 'the choice'.
- 7-8. Brian léimneach is Tuathal is Ó Féagáin Luath : Tóraithe iad seo.
9. Ó Néill : 'The O'Neill', i.e. ceann an teaghlaigh, - Ó Néill Thír Eoghain (?)
11. Gordun Rua : Is dóiche gur seo an Coirneil Gordun Ó Néill, mac Sir Phelim. Bhí sé ina fhear ionaid ag an Rí Séamas i dTír Eoghain. Throid sé i nDoire, ag an Bhóinn is i nEachdhroim. Chuaigh sé 'ná mór roinne ina dhiaidh sin. Fuair sé bás sa bhliain 1704. King James's Irish Army List 11. op 634-5. Bhí sé ina cheann ar Ua Néill Cheann Ard.
13. an cheatharn : 'the band of fighting men, kerne' (Dinn). Cf. 'chearna' (ADD^I).
14. 'bualadh' : 'threshing'.
15. gá dtarraing anuas : 'being mentioned' (?)
16. 'n áitigh : 'in the place of, instead of'. Cf. Dinn,
23. aturnaigh : 'attorney'.

24. 's nár chríochnaigh · 'and they did not finish (succeed)' (?) .
25. Billy : an Rí Liam (?) .
29. a' bascadh go leor . 'destroying many' (?) : 'in which many were destroyed' (?) .
30. acht macnaidh na seod rí Séamas : 'rather it was King James' bejewelled youths who were in the rout' (?) : go lit. 'except King James' bejewelled youths' (?) .
32. sladan : 'plunder'. Gníde de 'slad'. Cf. 'slad ann' .
34. mar ndaingneach uaignis : 'your lonely strongholds'. Foghraiocht 'déghneach'. Cf. Réamhra. Cf. X, l. 70.
39. a' tséin : 'of prosperity'. ? leg 'a' tSéin' - ainnm áite?
40. Cuaillgne : 'Cocley', Co. Lú.
43. an iomadaigh · l. an iomad. Cf. Dinn.
44. mar gheall ar mhéadú duaise : Masla do Mhac Cúarta. B'fhéidir go raibh duais le fáil ag 'buaiteoir' an agallaimh nó go raibh duais le fáil ó na ceithearnaigh dá molfái iad.
45. is é tuigseach i gcéill : 'and it is indeed understandable' (?) : 'in view of the fact that he is intelligent' (?) .
46. nach dollamh é ar éigse 'n uachtar . Téarma /filíochta (?) l. 'that he was not expelled from the noble poets' (?) . - 'is not that the business of a poet...' (?) .
- 45-46. '... seeing that it is understood that it is not the business of a noble poet...' (?) .
48. shluaiste : 'shovels' - ar aon fhoghraiocht le 'luaiste' na'lsí.
49. dár gabhadh fo bhuaidh : 'born (conceived) lucky'. (?) .
50. suaithnidh · Cf 'suaimhnigh', 'suanaidhé'.
52. astair : ? leg 'astar'. Cf. Dinn s.v. 'fast' - 'seizure'.
53. barrúil : 'gay, genteel'. Canúnachas Ultach. Cf. XXXVIII l. 62, XXXIX l. 1, XL.
54. nach dtilleann : 'who do not flee' .

55. go mba : 'May it be...'
 61. sruain : 'pancake'. Cf. 'srubhán' (Dinn).
 Cf. Roinn agus Amh. p 93.
 64. Chathairlinn : 'Carlingford' gCo. Lú.

MEADARACHT.

Amhrán. Octhfoclach. Agallamh é agus freagraítear gach véarsa le véarsa ar aoindeilbh leis.

e.g. 1. 1-8. 4 (u) É u (u) UA u (u) É u (u) UA (u)
 v É u (u) UA u (u) Ó u

Tá sé neamhraillta i n-áiteacha síos fríd.

XXXVII.

I gcló cheana : Roinn agus Amh. pp 18-19.
Filíocht na nGael.

Tá an bás i ngar don Dall. Cuimhníonn sé ar a ghaolta atá san uaigh roimhe. Iarrann sé trócaire ar Dhia.

Ag Ó Gealacáin amháin atá an dán. Taispeánann an fhianaise innheánach gur l-eac Cuarta a chum.

1. Lugha : 'Louth'. Is dóiche gur an baile agus nach an chontae atá i gceist. Tá sé déshiolach.
2. scraiste ; 'tramp'. Cf. Comhairle Uí hic Clamha P. 51. Gadelica o 81.
mo mhíle crádh ; is dóiche gur chevillé é, agus nach 'mo mhíle crádh'.
4. ccaol : .1. an chónair. Cf. Dinn. Tá 'gcual' curtha i steach i bhFilíocht na nGael. Tugann sé ciall oiriúnach a ch ní oireann sé don rheadaracht.
5. dias : Cf. 'dís'. Cf. L. 11. Cf. Dinn s.v. dias. Ainmníonn sé octar - Marghairéad. Ruaidhri, Brian, Róis, an dá Éadhmonn agus an dá Bhríd. Is dóiche nach bhfuil i gceist ach Marghairéad Ruaidhri is Brian amháin cé go bhfuil id luaithe dhá uair. Fágann sin go bhfuil duine ('dias') nó dhó ('dís') nach bhfuil ainmnithe aige. Tá tagairtí do Brian agus Ruaidhri i ndánta V, XXXII agus XLVII, do Róis i ndán V, agus don scainfe uilig i ndán II, áit a ndeir sé gur fhág sé ochtar i 'dtaisciddh' ag an Bhóinn - Ruaidhri, Brian, Róis, Marghairéad, an dá Bhríd agus an dá Shadhbha. An amhlaidh, mar sin, go bhfuair an dá Éadhmonn bás idir an cumtha an dá dhán agus gur fhág Mac Cuarta an dá Shadhbha ar lár sa dara dán, ins an liodán? Is cinné, beagnach, nach h-amhlaidh : is dóiche gur ionann an 'dá Shadhbha' agus 'an dá Éadhmonn', gur meascaidh suas 'an dá Shadhbha ann' agus 'an dá Éadhmonn'. Tá seans gur anseo thíos i l. 13 a tharla sé. Ach ní réitionn sin an "dias".
? leg 'Dhia sis.'
6. san mBaile Nua : Tá tuairim as dosaen áit i gCo, na Mé ar a nglaoitear nó ar a nglaóiti 'Newtown'. Agus ní dóiche gur seo aon cheann acu ach 'Monknewtown', lastuaidh den Bhóinn. (Cf. Cogan o 305). Tá 'Newtowns' eile ag béal na Bóinne, lasteas den Bhóinn ó 'Monknewtown' agus ar fho-abha den Bhóinn i ngar do Mhagh nEalta.

8. ar ghar : 'near'.
12. cúir idix fuacht né 'gus cor den gclár i Téacs lochtach (?), clár - 'c'nair' (?) , cor - ? leg 'corr';
13. cha bhíonn : Fáisteanach.
14. ar son : 'as regards' (?) ; 'for the sake of' (?)
ghar chlaonaigh a páirt : 'her love did not turn away' (?).
21. iad : ? leg 'mē'.
26. 'ráfladh : 'gossiping' (?).
- .

MEADARACHT.

Tá sé cosúil le Laoi Fiannaiochta. Ceithre céimeanna sa líne : an guta deiridh meadarachta i 'ngach dara líne ag réiteach le chéile (sa rann). Aicill dhúbalta ó dheireadh a.c. go túis b.d.,anois is arís ach an guta deiridh meadarachta i a.c. ag cur i gcónaí leis an dara guta meadarachta i b.d. In amanna é beagánin níos ealaíonta ná sin e.g. l. 9 agus l. 11 ag réiteach go hiomlán lena chéile.

e.g. L. 1-4.

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|----|
| u | A | u | É | u | í | u | Ú | u |
| u | A | u | Ú | u | u | í | u | Á |
| ó | u | u | U | u | u | ó | u | ú |
| u | U | u | ó | u | u | í | u | Á. |

XXXVIII.

I gcló cheana : Éigse III p. 186-192.

NÓTA AR NA LSÍ : Glacaím le MAL^I mar bhonn-ls. Is ionann ord na líne ansin agus i CAM 3085, G³, LN 802, QUB¹⁶, ach amháin go bhfuil líne breise idir l. 45 agus l. 46 ag G³ agus go bhfágann QUB¹⁶ ar láir l. 12 agus l. 57. Cé go dtosnaíonn sé 'Is túrsach búarthe chúadach mo shúan aréir domh', is dán eile ar fad atá i L. Tá an t-ord sna lsí eile difríosl ó MAL^I. Seo mar atá A 49 (Seasann 'x' do líne nach bhfuil i MAL^I) :-

1-16 x 17-21 25 23 24 x 22 x x 32 x x x x x 35 26
 x 27 x 28 x x x x x x 72-74 x 75 77 78 x 79 x
 81-82 x 83-88 x 106 x x 37 x 39 38 40-44 46 45 49 52 50 x 51
 52 48 54-56 x x 58-59 x x 62 x 63-66 x 68-70 x 95 84 97-99 x
 100-102 109 x 110.

E^I : 1-16 x 18-19 17 20-21 23 x 22 25 x x x x 35 63-64 x
 27 30 x x x x 90-92 71 73-74 x x 76 79 67 81-87 x x x
 37 39 38 40 41-44 46 45 53-54 48-49 50 52 54 55-57 x x 58-59
 61-62 60 63 65-70 95 94 97 98 99 100 101 102 x x.

LN 200: 1-16 x 17-20 x x x 21 x 30 32 x 34 (?) 26 x x x x 73
 x x 77-79 40 37 39 x 82 (?) 84-87 x 106 41-45 48 54 x 49 52
 46 50 53 x 54-56 x 57-59 61 -62 60 63-64 66 81 104 95-97
 99 100-102 68-69 109.

Tá G⁵G⁷ neamhrialta fostá. Le c is an t-ord a bheith bunóscionn is minic difríocht mhór sa téacs idir na 5 lsí "cosúla" agus an chuid eile. Tá na vll. as mórchuid na lsí tugtha sa chéad 16 líne ach ina dhiaidh sin ní bheadh sé cíallmhára bacaint lena lsí 'neamhrialta'.

Aisling an Daill Mhic Cuarta.

XXXIX.

I gcló cheana : Aith tultach, Feabhra 1953. (Ó Tuathail).

NÓTA AR NA LSÍ: : Sé ord EG² atá ar na línte anseo. Tá ord difriúil sna Lsí eile. Ag ADD¹ - 1-16, 25-40, 17-24, 41-64. Ag LN 802 ∵ 1-48, 57-64, 49-56. Ag EG⁷ + 1-14, 17-48, + 2 líne úra. Ag G²G³ + 1-14, 17-32, 2 líne úra, 33-48.

'Siad na línte úra (ag deireadh an dáin) i EG⁷;

'Tabhar no chead beannacht feasda chum an crann seasta an mhaithios do rheasta fíalmhar gan bhród'.

I G²G³ siad na línte nua:-

'A ccliú 'gus a ccái thréim, gan úmhílughadh do eachtrain go bráth (a) bhíodh an daltán gan sárughadh gan chian'. Dán molta do Bhriain Mac Eoghain (Ó Dubhthaigh).

1. barrúil : Cf. XXXIV. 1. 53.

2. Brian mhac Eoghain : Ní fios cé hé féin. Ins an dán 'An bhfuil tú do chodladh..' is 'Pádraig Mac Eoghain' a thugann Lac Cuarta ar Nhac á' Liondainn. Deir Ó Tuathail gur Brian mac Eoghain Ó Dubhthaigh atá á mholadh (Cf. L. 28).

15. /aŋ/ an churaídh. ? leg 'san churaídh'.

17. fulaing : 'support'.
coinnseamh : 'guests' (?); 'quartering, upkeeo' (?). Cf. xvii. L. 12.

18. díol as : 'díolios' atá sa bhonn-ls agus 'díol do' ag formhór na lsí eile: ? leg 'díl leis'.

20. cruinneadh : ? leg 'cruinnithe'.
chomhair : Níos fearr ná 'cómhair' na lsí.

23. cé bē ler mianach : 'whoever cares for' (?).

24. ardóidh : Tá leagán na bonn ls. - árdamha' - insdeise.

25. Dhia : D'oírfeadh '(S) truagh' atá ag cui'd dena lsí go maith anseo fosta.

26. faci għar : 'at the convenience of' (?).
an : = 'don' (?).

27-28. Tá an dá líne seo mar bheadh aon líne amháin ann - 'do threibh Uí Dhubbthaigh'... Lusatáir dhá 'Duffy' i 'King James's Irish Army List' ii. p 593.

32. iad : .d., muintir Mhic Mhathghamhain.

35. léighfi : Nó 'léighfeadh'.

37. téada dá mbroscadh : 'strings being tuned' (?).

38. dá scoradh : 'being analysed' (?).

41. ceann fine : 'the head of the family'.
43. Liathmhaine : 'in Ultaibh, name of the plain now covered by L. Neagh'. (Hog Onom s.v. 'liath muine').
45. féachtar : Foghraíocht 'fiachtar'. 'Let it be tried from this to Derry' (G³).
46. achan : 'every' . 'Ach an' atá sna Lsí.
47. go mba bliadhna a roinneas.. : 'May it be for a long time he shall divide...''
48. 'sa diadhacht : 'and may piety...' (?) ? leg 'agus Dia teacht.'
50. Chéit.. Fheigidh : Ní fios cé hiad.
52. an bhreasnai: 'the affable one'.
53. gan easbhaídh déanta nō deise : Tá 'deánta' (Gníde de 'déanamh') 'deise', 'méine', 'maise', faoi réim 'easbhaídh'.
- 57-58. Seo imirt focal ar 'beannacht'. Cf. XLII 1. 10.
51. gan athrach : 'without change, certainly' (?) ; 'without clothes' (?) .
- faobhthaídh : 'naked'. Cf. Rainn 7 Amh. XV 1. 14, XVIII 1. 33. Cf. VI 1. 26, XII 1. 3.
59. cuireadh : ? leg 'cuirfídh'.
- Bérnabí : Ní fios cé hé.
61. deaghmhac : Níl sé soiléir caidé tá i EG² - 'deas', b'fhéidir. Éillonn an rheadaracht 'é'.
- fallás : 'deceit, falsehood' (RIA Contrib).
63. bochtáin : ? leg 'bochtán'.

MEADARACHT.

Amhrán. Ochtfhoclach. Ceithre céineanna i ngach líne.
Cruinn. n. sh. L. 1-8.

4 u UA u u A u (u) UA u u A u
(u u) UA u u A u (u) IA u (u) Ó

XL.

I gcló cheana : Duanaire na Midhe pp.86-88 (as G³ agus E^I). An t-Ultach, Feabhra 1950 (Ó Tuathail).

Nóta ar na Lsí Nil i LN 127, ar a bhfuil Gví bunaithe, ach 48 líne. Is dóiche go raibh foinse éigin eile ag Gví don 12 líne eile. Seo mar atá na línte sna Lsí eile.

G² - 9-12, 13-16, 1-4, 21-24, 41-44, 25-28, 45-48.

G³ - 9-12, 13-16, 21-24, 41-44, 25-28, 45-48, 1-4.

E^IG⁵ - 9-12, 13-16, 21-24, 41-44, 25-28, 45-48.

Is minic difríocht mhór idir na lsí malla agus an dá cheann eile.

Dán ag moladh Chríostóir, Barún Sláine, agus ag feitheamh lena philleadh go hÉirinn. Tá sé amhrasach an Mac Cúarta a chum é in aon chor. Níl sé curtha ina leith sa bonn-ls.

1. fir na hAustria · Caithfidh sé gur chead an file gur shíolraigh na Fléimeannaigh ón Austria. Níl aon fhíanaise agam a dhearbhódh é sin.

3. Barún Sláine : Tá an cuntas seo ag O'Callaghan, History of the Irish Brigades, p 87 air.

'At the Revolution Christopher Fleming ... was the 22nd Lord Baron of Slane. He sat in the House of Peers of the Irish Parliament under King James II in 1689; was Colonel of a Regiment of Infantry in the Irish army: and was taken prisoner in the battle of Aughrim, or Kilconnell, July 22nd 1691. After following his exiled Sovereign to France, his Lordship was restored, by an English Act of Parliament, under Queen Anne, to his peerage, though not to his estates, and died in July, 1726, without male issue, in his 45th year. He had a pension of £500 per annum allowed him ...'. Lena chois sin tá cupla rud eile ag D'Alton. King James's Irish Army List 11 p. 342. '.. He fought at the battle of the Boyne... He was attainted in 1691... in 1703 the manor, castle and lands of Slane were purchased by Brigadier Henry Conyngham. The landless lord followed the monarch of his adoption to France, where he remained until, in 1708, he had a pension of £500 per annum allowed to him. In 1713 he was advanced in the peerage to be Viscount Longford, but no patent issued, and he died in France in 1726, leaving a daughter, Helen Fleming...'. I 'Hayes, Manuscript Sources'. tá 5 thagairt do Christopher Fleming, 17th Lord agus 17th Baron Slane - is dóiche gur seo ár bhfear-inne cé go ndeirtear thuas gurbh 22nd Lord Baron é. 'Siad na tagairtí (1) 17th Lord

(a) Letter of Christopher, Lord Slane, to R. Harley setting forth his services in Ireland before the Revolution and later in Portugal and desiring to be sent to Ireland to raise a corps for service in Spain which will enable him to break all the Irish troops that are in the enemy's service. 1706. (b) Memorial of Christopher Lord Slane proposing to raise men in England or Ireland for service in Spain to bring

deserters over from the enemy 1706. (c) Letter of Lord Slane to R. Harley in which he encloses a note of a proclamation of April 3rd 1704 pardoning all Irish and other subjects of the Queen who are willing to leave the service of the French king for that of her Majesty. Dublin 1708.

(2) 17th Baron (a) Appointment of Richard St. George to be a major in the regiment of foot in which Christopher Fleming esq., late Lord Slane is appointed colonel 1708 and to be a Lt. Col. of the same 1711. (b) Draft of an act to reverse the outlawry and attainer. Christopher Lord Baron Slane 1709.

5. Raghnaill : Athair Chriostóir.
7. is lámhacha : ? leg 'as lámhacha' - 'from hands' (?).
8. cuinge : Cf. Dinn s.v. 'cuing' - 'zone'. Cf. freisin Hog. Onom. n 317 s.v. 'Cuince' 'prob. Cuinche a mt. or moor, "sliab" in Cooley, N. Louth'.
- 11-12. Tá an smaoineamh go dtéann torthúlacht le dearraltóir anseo agus i línte 31, 33. Cf. XXIII 1. 8.
11. torraibh : Foirm an Tabharthaigh mar Ainnmeach. - festa i línte 15, 33, 41 7rl. Cf. Réamhrá.
12. ag briseadh cárrthach : 'burgeoning, bursting with issue'. Cf. Dinn. s.v. 'caithriughadh'.
13. mhadhma : ? leg 'mháma'.
- 13-14. Tá ord difriúil ag na Lsí malla (G², G³, G⁵, E¹). G² - 'Ta'n t-ór dá chur na mhámuigh ag teorinnté Bhaile Shláinghe Agus tórradh ban a's páistigh ga chárnuaghadh le gréin'.
24. le leibhit : 'levy' (?): Cf. 'light'. (?) .
25. níor chruthaigh .. ? leg 'níor cruthaigheadh':- 'there was not created any blood, however noble...' .
- 25-28. Tá gach fuil uasal ag coimseadh ina chuisleanna
28. 'ná : nó 'na'.
31. gheallamh : 'promise' (?) : cf. 'gealadh' - 'coming'.
- buaibhíbh : Ar son na meadarachta atá an fhoirm seo ann - is léir uaidh go bhfuaimníte an 'bh'.
37. fuil dá thréanáil : 'blood which is being exercised' (?) & 'train'. Bionn 'fuil' baininscne de ghnáth - dearmad é seo b'fhéidir. ? leg 'tréanáil': Cf. 'training him' (?).

39. macaibh miorach : Ó tharla go bhfuil a lán
Ainmneach Iolra ag críochnú ar 'aibh'
is dóiche go bhfuil 'macaibh'
ceart - i bhfarras 'macaoimh'.
miorach < neadhrach (?). Cf. 'méarach'.
45. muigh : 'great, mighty'; cf. R.I.A. *Contriú*.
s.v. 'maige'.
46. comhar : 'companionship' (?). ? leg 'cabhair'.
lá : Cf. 'lámh'. sna lsí malla.
47. Créamhthain : An dúiche timpeall Bhaile Sláine. Cf.
VI l. 2.
48. a rósá (?) daoill-se : 'their (.i. Ó Néill, Ó Mórdha
etc.) 'roses' of relationships';
nó, le 'rosa', 'their seeds of
relationships'.
51. artha : ('athartha' - 'paternal'.
55. bannaídh : 'women' (?).
56. barra : 'a sand bar running into the sea' (Dinn).
58. leabhara : Ainmneach Iolra i n-ionad an Ghinide
Iolra.
60. Seo an líne deiridh i Cvi - deire an-thabaidh.

MEADARACHT.

Amhrán. Ochtfhoclach. Níl sé uilig comh cruinn leis
na línte L. 25-32 -

4 (u) u X u X u (u) UA u u X u (u) A u UA u
(u) u A u (u) A u UA u u (u) UA u u Ó

XLI.

I gcló cheana : 12 línte i 'Amhráin Sh., mh. C. p 16.

Nóta ar na Lsí: Glacaím le lsí Uí Ghealacáin - G², G³ - mar bhonn - Lsí, cé gur sine UCG⁹. Ach tá G²G³ níos rialta ná UCG⁹. I 23 N 33 tá beagánín den agallamh. "On another occasion Mac Cuairt opened his battery on his deaf friend in the humorous colloquial verses called Talamh beag suairc Áthmeith.

'Is é mo thuras go talamh Áthmeith
an turas gan chéill budh mhó:
ag dol roimhe re athmhogadh Neill
's gach earraíd a mheaduigheas ceol'.

Murphy: 'Budh fhuras do tharraing gan duais
go talamh beag suairc Áthmeith,
's a fhír chaeich, na ceasnáidh aen uair,
ria athmhogadh shuarcas Néill'.

The remainder of this witty and sarcastic dialogue would have been given were it not that Murphy indulged in some smutty expressions to torment his abler opponent who was a man of the greatest piety and most strict morality..."

Tá blúire don dán i 24 c 44 freisin - leagán an-choimrithe é,

"Mo thuras go tallamh a mbé do bÉaithrÍghídh liom féin
a thabhairt
fa bheith 'géisdeacht le ábhogaídh néul ta air
fhaítighas a méadadh gléo.
Ma fúaidh tú gó tallamh a mbé 'geisdeacht ré guth
bann sróil
budh bhinne liom briathra a mbéil na sinnear lé
meabhair na dtrá.
Sé dúbhairt Harry Stottle na leabhthar sé bhéarr
meabhair ar mhna
go mfear léithe steac iona gabhal na sinnear
lé meabhair na dtrá.
Thug Harry Stottle eitheach nídh mar sín dhéanfamsa
dán
nach gártha nach dtuiginn fear bobhair gur gráosta
gobhal le radh.
Is gráosta ann nídh sín ré radh go millidh
glór ard an céol
is an nídh sín mar ta tusa rádh nach fearr leó a
bhas na bhéo.
Iarraim ar ghrásta mhic Dé o is do nídhim féin
mo rann
os rinne sé diomsa fear bobhar go ndéanaigh sé
lobhar don daill".

Tá 27 r + 2 shliocht próis i UCG⁹, G², G³. I DON^{VIII} Ard Mhacha, nach bhfuil fáil uirthi anois, bhí 39 r. + 4 shliocht próis. Tá seans gur idir L. 104 agus L. 105 a bhí an chuid atá caillte oraínn.

Agallamh idir Mac Cuarta agus Niall 'Bodhar' Mac Murchaídh (Cfxviii) i bhfríotal meafarach fá chúrsaí suíri.

1. Tulaigh Ó Méith : in oir-Thuaisceart Cho. Lú. Ait dhúchais Néill 6ig. Cf. XVIII L. 1.

31. abhógaí : 'humorous controversies, As between poets'! (Dinn). An t-siolra 'abhógaí' atá anseo agus ní 'abhógaí uí Néill' mar atá ag Ó Geálacáin i ls. amháin: thugtái 'Seán Ó Néill' ar dheartháir Néill Óig (tá seo míniithe i n-Amhráin Sh. Mhic C. op 17-18) agus ní hiontas an léamh seo Uí Ghealacáin. G. 'havoc' (?).
10. dá dteagmhaidh mé : 'If I should chance (to be)' ...
16. ordlach : in sensu obscene. Úsáideann sé na focaíl seo leanas mar a gcéanna - 'spracadh' (L. 16); 'crann' (L. 32, 33, 40, 84, 104, agus sa dá shliocht próis); 'cluasa' (L. 23, 66, 72); 'planda' (L. 82); 'ubhla' (L. 33 7rl.); 'buabhall' (L. 68).
19. ar ball : Ag tagairt don Fháisteanach de ghnáth sa Tuaisceart: cf. Dinn - 'A short time ago (Inishmaan)'.
24. chothaighid : 'cherish in their mind' (?); 'keep up' (?).
26. thuas : Cf. VI, L. 9.
27. mhairfhdh : ? leg 'bh'ait(h)'.
32. Tá an meafar fan chrann agus na hubhla ann fríd an dán agus é pas doiléir i n-áiteacha mar gheall ar dhícheall na bhfílí a choinnéail ar an dá leibhéal.
34. fán mbord : 'secretly'.
39. 's gur mó� leo anois do phóg ... 'they think your kiss is too much now seeing that your tree has no seed' (?): 'innis' atá ag na lsí ach is léir gur 'anois' atá i gceist.
-
1. níl sín crann: 'there is not indeed a tree'.
2. cearnach : 'square, pointed' (?); 'victorious' (?).
caramhnach : (?) Cf. 'corránach' - 'pointed, barbed'; 'ceathrúnach' - 'cubical'.
3. camhogalach : (?) Cf. 'camógach' - 'crooked, twisted': 'mogallach' - 'meshy'.
12. cuasdhearbhtha : 'cuas' - 'hollow', 'cavity' + 'dearbhtha' - 'genuine, excellent'.
-
42. meabhair : i.e. 'staídéar'.
48. anásta : 'vulgar'. Cf. s.v. 'anfhásta' (Dinn).

54. cómhardadh : 'the harmony in music'. Tá an chaint shamhaltach scriosta ag Niall.
56. ní fhacthas : 'it was not seen' ? leg 'ní fhacaí' 'you did not see'.
ar bord : 'publicly exhibited'.
59. do chumaisc le . 'your sexual intercourse with'.
66. cha dtig ar no chluasa cam : 'my crooked ears are not afflicted' (?) ; 'There comes not upon my ears crookedness' (?)
 .1. 'I am not led astray'. cf. L. 16.
67. 'stamadh : (?) Cf. 'stompaighim' - I stamp': 'do ghníم stambán de dhuine' - 'I lay one low'.
stuacadh : 'bends, bows, arches' : cf. RIA Contrib s.v. 'stuagaíd'.
69. salach : Á úsáid go meafarach - ní 'shalaigh' atá mar Ghairmeach dá bhri sí. ghaota : 'fool' (Dinn). Níos láidre fós anseo: Cf. 'gaoídín' (?) (Comhairle Mhic Clamha. L. 29.).
84. dóibh : 'of them' (?); 'for them' (?).
85. is beag ar : 'they despise'.
álainn : Aidiacht Uatha ag dul le Ainn fhocal iolra.
86. gconadhair : (?) Cf. 'congháir' - 'clamour' (Dinn).
rámhaillí : ? leg 'raflai': Cf. XXI L. 29.
88. caisearbhán : 'dandelion'. Is beag ciall a thugas 'gleo' anseo.
-
2. fola : 'resentment, cause of enmity'; cf. RIA. Contrib.
5. ughdaír : 'opinions' (?). (Dinn).
13. scléachán : 'a screecher, a child' (Dinn).
15. ní mó : 'hardly'.
17. an bhráid : 'that pass by' (?).
24. cheanfháth : 'chief cause, original reason'.
-
100. 'gcatháigh : 'in temptation, in sin'. Is mar sin a fuaimnítar 'i gcathú' fós san 'Ár nAthair' in-áiteacha i dTír Chonaill.
102. as : ? leg 'is'.

105. Níl riachtanas mealladh : 'it is not necessary to deceive ...'
pléid : 'diversion, drollery'.

108, bheith dá stácadh ar éadan báin : 'oilng them up on the face of the olain'.

MEADARACHT.

Amhrán. Ceithre líne sa cheathrúin. Trí chéim sa líne. Tarlaíonn sé minic go maith go mbíonn ceathrú ag cur leis an gceathrúin atá sé a fhreagaírt ach ní tharlaíonn i gcónai. Tarlaíonn sé i gcás L. 21-28, L. 29-36, L. 37-52, L. 57-64, L. 65-72, L. 73-80, L. 81-88, L. 93-100, L. 101-108. Is sort 'Rócaí' an rheadarachta sna línte sín. Réitíonn gach re líne le chéile ó thaobh deilbhe. De ghnáth, ní bhíonn na trí gutaí meadarachta ag réiteach le chéile go minic bíonn an bheirt dheiireannach : i gcónai, bíonn an ceann dheiireannach. I gcónai, beagnach, 'sé an guta meadarachta céanna a bhíos ag deire an chorrlíne a bhíos i lár an réidh-líne. Go hannamh bíonn aicill dhúbalta ó dheiire an chorrlíne go túis an réidhline:

m. sh. L. 21-28 [an chéad sampla de 'Rócaí' mar go dtí sín seasann gach ceathrú leis féin].

| | | | | | | | |
|-----|---|---|---|---|----|---|----|
| 21 | u | A | u | U | u | u | UA |
| | u | A | u | u | UA | u | Ó |
| | u | Ó | u | u | u | A | u |
| | u | O | u | u | UA | u | Ó |
| 25. | u | O | u | u | A | u | u |
| | u | A | u | u | UA | u | Ó |
| | u | A | u | u | í | u | u |
| | u | A | u | u | UA | u | Ó. |



XLII.

Dán molta. Ag Ó Gealacáin aumáin. Téacs agus údar neamhchinnnte. Níl sé róshlachtnáhar.

Tá dán d'Aodh, mac Sheáin Uí Rághailligh, a fuair bás sa bhliain 1715, i gcló i 'Poems on the 'Reillys' p.147. Arbh fhéidir gur Seán féin atá i gceist anseo - rud a d'fhágfach gur ina óige a chun Mac Cuarta an dan? I L.9 tráchtann ceann dena Lsí ar 'macaídh mhic Aoidh mhic mhaithgheal Mhórrdha.' Tá geinealach na dtaoiseach tuigthe i O'R Poems. pvi.

Pilib (+ 1596)

1

Maol Mórda

1

Aodh

1

Pilib Óg (+ 1703).

An ionann 'maithgheal', i ndairire, is 'laoil' (agus é ina chéfhoghar)? An mac (nó deartháir) do Philib Óg Seán? Is cosúil gur thaoiseach é, pé scéal é. I gcoisithe chomplacht 'Edmund O'Reilly' i 'King James's Irish Army List' tá 6 'John Reilly.' Bhí 'Jonn Reyley of Garryrooock' i bParliament 1689.

1. Narcissus : Ógánach álainn sa mhiotaseadach. Ar fheiceáil a scáile féin san uisce, thug sé grá dó: mneath sé is fuair bás. Cf. XVII L.81, XVIII L.102.
- Ragháilligh : Foghraiocht 'Réilligh' atá air: cf. L.18. Cf. Réanhrá.
2. Absalom : Ógánach uallach eile a d'éirigh amach i n-éadan Dháibhí: cf. 2 Samuel. Cf. XVII L.81, XVIII L.102.
3. Lár ri Néill : ? leg 'lár Uí Néill'.
4. scáthán : 'an object of attention or regard' (Dinn).
- faoi rása na gréine: 'under the sun.' Uimhar Uatha 'rása.' Cf. XIX 1.62.
6. áilleagán : 'handsome man', darling.'
7. mónaídhe : 'bog'.
9. mhaithgheal : ? leg 'mhaoil' : is dōiche gur défhoghar de 'mhaoil' é, metri gratia.
- 10-12. Imirt focal ar 'bheannacht' / beannacht / bean nocht atá anseo, rud atá iontach coitianta i bPáiliocht na Mumhan. Cf. XXXIX L.57, XLVII (?) LIII 1.37.
- 10 i gcló : .1. 'portraits'
- 12 cabhair : Cf. O'R Poems 3387. 'help' (?) : 'cover' (?). .1. an focal Béarla a úsáid i nGaeilge leis an fhoghraiocht 'cabh-ar'.

2.

14. Theseus : Laoch na hAtaene. Bhí ar na hataenigh cain bhliantúil a thabhairt don Minotaur - leath-tharach, leathdhuine - ar oileán na Crête. Mharaigh Theseus an Minotaur agus le cuidiú Ariadne, a thug grá dó, d'éalaigh sé as an chathair ghriobháin. Rinne sé dearmad d'Ariadne ina dhiaidh sin agus phós Phaedra: ansin tosaíonn scéal tragóideach Hippolytus.
16. an : = 'don' (?) .
- monster gaoil : .1. 'An Minotaur'
- gaoil : 'relative' (?) /.1. leath-dhuine an ea é / : 'of injury' (?). Cf. RIA Contris. s.v. 'gael.'
19. pátrún : 'pattern' : cf. XIX ; Cf. 'patron'.
22. comhlann : Foghraiocht 'cualann'.
23. duaisiúil : 'painful' (?); 'prize-winning' (?).
24. 'ngruaim : ? leg 'gruama' - 'surly'.
25. uain an fhodghlaís : 'the hour of the fray (battle-field)' (?); 'the hour of death' (?).
27. sceallán : 'scion'. Cf. XVII L.137.
28. den treibh is uaisle i n-uachtair na fógraínn: 'Of the tribe most noble at the head of the genealogical subdivisions' (?). ? leg 'fó-rainn.'
34. samhail : Cf. U.R. Poems 3378 - .
- Chú na nÉacht : .1. Cúchulainn. Tá na tagairti seo uilig don Táin.
- rabhairt : 'an impetuous course' / s.v. 'robarta' RIA CONTRIB / CF. VI. 1.15.
35. a mhéar a dheargadh: ? leg 'ohear': cf. 'ag déargadh beara ar' - 'attacking, abusing.' (Dinn).
36. scárloit : 'scarlet' (i.e. the cloth).
- i n-aimriot : ? leg 'i n-aimhriocht': cf. 'aimhriocht' - 'disguise, concealment.' Tá an t-éadach folaithe ag na péarlai.

MEADARACHT.

Aimhrán. Véarsai shé line.

Véarsai 1 (1-6), 4 (19-24), 5 (25-30)

6 (31-36), 7 (37-42) cruinn go breá. e.g.

1.1-6 : 6 | (u) x u u (u) á u (u) á u é u |

XLIII.

NÓTA AR NA LSÍ : Lsí malla iao uilig - agus táid uilig bunaithe ar an aon fhoinse. Níl i G⁴ agus G⁵ ach 3v. - L 1-8, L 33-40 agus na línte seo leanas. 'Ceathrar déagh-mhac, do (de G⁵) shliocht shiol Néill agus is Brian an cheac cuine is ainm diobh. Roibeart (Raibort G⁵) réimeamhuit, da'r geallaigh 'n séun dó, 's le toil mhic vé cha ohionn air easbhfuigh choidhche. Caipstíneachreach a cshiúdhail (shiúdhail G⁵) na réaguín, 's le feachas a léighinn a íuair na cheannfoirt sléigh, acht ca mairtheach (mairfeadh G⁵) an méic sin con charaid Gháodh(a)lach. Oudh tapaich tréightheach mé a n-aice cShéon.' Tá nótá agus ceartúcháin i G³ agus tugaim cupla vhl. as na ceartúcháin sin - G³ⁿ.

Dán ag molach Bhríain inic Airt Uí Néill agus súil lena philleach aohaile.

1. Ni maith : Tá seo ag na bonn-Lsí ach ní théann sé go rómhaith le L.2. ? leg 'Gidh nach léur . . .'
2. a léighim : 'I interpret' (?).
7. dá : nō 'do'.
8. Mac Airt Uí Néill : 1. Brian Ó Néill (L.25). Tá a lán Niallaigh i 'King James's Irish Army List.' I 'Colonel Cormack Ó'Neill's Regiments of Infantry' tá dhá caipstíneach den ainm 'Brian Ó Néill.'
13. chneas : 'surface' (?). Cf. 'creas' - 'narrowness, a close' (Dinn).
- 20-24. Coimhréir neamhrialta - b'fhéidir go onfuil an téacs truaillitne.
- 23-24. scaoilíoch do : 'scaoilim de' - 'set at liberty' (Dinn).
31. go bhfanaidh Dia sinn : 'may God preserve us' - an briathar á úsáid go naistreach.
32. riaghalaich : 'jurisdiction' (?) : 'a religious rule' (?).
36. leanta : 'inclinations' (Dinn s.v. 'leanadh') Cf. 'linnte.'
42. i bhfabhairt : < 'faghairt' 'blade, sword' (Dinn) (?). Cf. 'fabhar' - 'favour' etc. 'fobhairt' - 'salve' (RIA. CONTRIC.)
46. a n-astar : nō 'an astar'.
53. daorsa : = daoirse.

57. 'n-uabhfeart : = 'n uaighbhfeart. Cf. ''nuabhfeart'
58. aill : 'oll' - 'great' (?). Cf. 'aill' - 'strange, alien' (Dinn s.v. 'all').
62. scéin - : 'sceinnim' (?) .l. 'quickly' Cf. 'sceon-'.
69. a : = de.
72. bóchna táin : = táinomóchna. (Cf. Dinn. s.v. 'táin').

σ MEADARACHT.

Amhrán. Ochtfhoclach. Neamhrialta i n-áiteacha :
L 1-8.

| | | | | | | | | | | | | | | |
|---|--|---|---|---|-----|-----|---|---|---|---|---|---|---|--|
| 4 | | u | x | u | (u) | (u) | é | u | u | x | u | é | u | |
| | | u | x | u | | | é | u | u | x | u | a | | |

I gcló cheana: AN TULTACH, EITHEAMH 1930. As F agus BENNETT.

Glaionn O'Grady (Cat.1. p 606 n3) measra (medley) ar an sórt seo dáin. Deir sé '... this term is applied to a set of verses consisting in a number of independent and utterly irrelevant propositions strung together like loose beads of many diverse colours and shades....' Is cosúil gur chuir duine éigin Seon Tágha, deir Mac Binéad geall gini le Mac Cuarta nach bhféadfadh sé véarsa a cheol gan bréag a inse. Bhuaidh Mac Cuarta a ghini.

Tá na 20 line seo i A¹ - gan ainm údair. Cuírtear an chéad 16 line i leith Mhac Cuarta i F. Tá 1.1-16 i LN869 agus dhá véarsa eile rompu - gan aon údar luaite. Seo iad na véarsai tosaigh atá i LN869:

"Bímse lá a mbíonn mo shálth agam de phiosaligh hocht is bím lá eile sa lán leanna sdígh ann mo chorpa, biom lá eile gan dhá phinginn le nolfainn deoch is deo grásias ní bhfághthar súd saoi gan locht.

Mo sgéoth mhor mallacht a ttacar gach doid d'shior chuir braon a ngloine ina bhfaicear gao deor dha mbíonn mo mhían smó thaitneamh an maide air an mbord fan fhion 'smo mhile beannacht led hanam a mornán mhaoil."

Seo leagan Mhic Binéad:

"Chan me a chur a chead chloch a gcaislean Dhroichead Aith, cha chuirfighinn se choisde sheadog go malaith an tsrath bain, mas Greagach a pheacog cha phiocailghír a cnaimh is nil ach ore ansa sgeimh ata gcráiceann Sheoin Faith. Nior bhfiosach damh an riogh bheith meilt snaisin sa Ghransaigh riamh
cha ni Saodhabh nic na Midhe a shionus air a bheanrioghun biadh
is ole an ait do mhnaoi bheith na luighe le Papa air sliabh agus is iomdhá pota dighe a dioladh nDroichead Aith le bliaghan.

Ta bean a chos Boinne rinne cota agus corradh air lion, mhothaith me feoil air bord a nGáillibh da diol, ta uisce beatha agus beoir go leoир a Lungduin is fion, agus is aithne dhamh oigfhear a posamh anuraigh le mmaoi. Ni dual searrach air machaire cruadh gan rioth, ni dual caillín gan airthe air a roghradh fir, se is dual don dailltin bheith na sheasam 'nam rosamh biodh air an aísde se mheasam ta an t-abhran fior."

2. séideoig : 'shéideoig' atá sa bhonn-ls.
tSliabh Báin: Níl 'Sliabh Bán' ar bith sa chomharsanacht seo, go bhfios domh. Tá 'Sliabh Badhna' i n-oír-Cho. Ros Comáin.
3. Sf. Dinn. s.v. 'Gréagach'.
4. Sna 'Eearth Money Rolls' tá 'John Taafe' i nDún Dealgán, 'Nicholas Taafe' i 'Dunmoghan', 'Garrett Taafe' i gCáirlinn agus 'Thomas Taafe' i 'Castletown Bellew'.
6. feoil...dá dhíol: ? leg 'dá diol'. 'Feoil' firinsone (?) .

11. bean luighe : 'Mistress'. Tá sé inspéisé go bneuil
 'is minic' ag cuid dena lsi!
14. cárta : 'quart'.
17. 'Cháto : = do Chato.
19. nach ibheann : Níl aon urú indiaidh 'nach' anseo.
 Cf. Réamhrá.
20. Is léir gur le bean is nach le Seon Tagha a bhí Mac Cuarta
 ag caint - má bhí sé ag caint le hínne.

MEADARACHT.

Amhrán - véarsa de línte cheithir chéimeannacha (1.1-4) agus
 tri véarsai d'Amhrán féin (1.9-20).

e.g. 1.1-4 4 (u) u é u u é u u x u u á)
 1.9-12 4 u x u u í u í u (u) á u (u) í)

I scíló cheana: AN t-ULTACH, AIBREÁN 1950 (Ó TUATHAIL).

Seo ceann de thrí dánta /XXXIII, XLV na cinn eile/ nach bhfuil ach ag Risteard Tuibéar agus a léiríos go raibh scoil filiochta - ina raibh Mac Cuarta (ar cuairt b'fhéidir) - i ndeisceart Oho. na Mí. Molann Mac Cuarta Domhnall Ó Maoilriadhain, ollamh a thug 'buaidh thar gaoth tír'. Tá tagairt do Dhomhnall i ls. 24 & 55 /R.I.A. Cat p 3189/ 'ar na sgr' iobhadh le Seán Mac Solaídh a mBaile Hardaman a bporaisce Thighthe Callainn a oCondae na Midhe do Dhomhnall għreannmhar O Mhaoilridhein 1713'. Tá tagairt eile i ls. i għoláiste Ollscoile Chorocaigh. 'Finis ar na sgrīobhadh le Seán mac Solaídh i mBaile Hardaman ... dá charaid ionmhojn Domhnall Ó Maolriain ,i. Ardollamh Eireann de réir mar thaisbeáns sé faoi laimh gach aoin inna leabhair eile atá aige...'

Indiaidh an dáin seo sa ls. tá dhá dhán molta eile do Dhomhanall - 3r+ v. le Brian Ó Ceallaigh 'Geall Gaodhaill ar ghaisgidh ghloinn' agus 4 líne le Seamus Mha Guidhír 'Ó fogradh gach solaicme os Eirinn áin'.

12. geanmaidh an Ghaoidhlig: ? leg 'geanmaidh i nGaoithlig'.

13. beir uaim : 'go away from me' (Dinn).

Bhrian : Ní fios cé hé; ach b'fhéidir gur seo an 'Brian Ó Ceallaigh' dá bhfuil tagairt i l.23, agus sa dán 'Inneosad daoibh a lucht a' tsuarċais'.(XXXIII) q.v.

20. gheall : ? leg 'ghēilli'. (Mar atá ag Ó Tuathail).

21. tigheardas : 'dominion'.

23. cuireadh ... 'na dhiaidh: Cf. Dinn. 'ouirim 'na dhiaidh' - 'I add to it, send a message regarding it'.

MEADARACHT.

5 ra + v.

Óglachas ar Deibhidhe sna ra.

An t-Amhrán - 4 (v) v o u u (v) ra u (v) ia u (u)a
u u é.

XLVI

Fuair mé an dán seo le gairid i ls. neamhchláraithe sa Leabharlann Náisiúnta. Ní raibh caoi agam eagair ceart a chur air nó nótai a chur leis. Tosaíonn sé i lár p 167 - gan aon tideal. Ar bharr p 168 tá 'Seamus Ó Cuairtadh co' scriofa agus na línte 'Uram-sa féin frithéadach an looht.....'. Cheapas ar dtús go mba sín túis an dáin ach chan é. Déarfaínn nach mbaineann 1.85-104 leis an dán cé nach measfá sín ón ls.

XLVII

I gcló cheana: Amhráin Sh. Mh O. pp 64-68.
Duanaire na Midhe. pp78-81.

Nóta ar na lsí: Tá na llv. le fáil i N, EG³, G³, G⁶.
Níl le fáil ach 5v. (20 líne) i F22 agus H32
(Hardiman); agus i L tá 6v. le fáil - 1.1-12
agus 1.21-32 + nílid san ord céanna ag L le na
lsí eile.

Comhairle do Bheití ni Mharcaigh, "bean leanna".

Tá cuid mhór deacrachtáil leis an dán seo. Ar dtús, níor cuireadh i leith Mhac Cuarta é go dtáinig ó Gealacáin : ach tá sé i ls. N ina bhfuil onuasach de dhánta Mhac Cuarta. Tá flanaise sa dá vearsa deireannach gur Mac Cuarta a chum; ach sín an dara deaoracht. Dúirt an tAth. ó Muireadhaigh go raibh amhras air ar cuid den dán seo ar chor ar bith ó 1.37 go 1.44. Méadaíonn N ár n-amhras mar go dtosaíonn 1.37 ar leathanach nua: cé nach léir é, d'fhéadfadh leathanach a bheith caillte. Mar sin b'fhéidir gur as dán eile ar fad 1.37-44 nó b'fhéidir gur deireadh an dáin seo iad agus lár an dáin caillte. Ach go fóill, oirthear glacadh leo mar chuid den dán seo. Ní léir aon strócadh i N (cé go m'fhéidir gur ar lhoinsé N an locht): níl 1.37-44 faighe agam i n-aon dán eile : tá an deilbh céanna meadaracha ar 1.37-44 le 1.33-36 rompu. Ní mór admháil go bhfuil an t-athrú téamúil neamhghnáth - ach éifeachtach, mar sin féin. Ní féidir a bheith cinnte caidé go díreach atá i gceist sa dán. Tá teach leanna ag Bheití ni Mharcaigh. D'réir dealraimh, tá soata ban faoina cúraí agus tá na fir maguaird i bhfathach go mór lena bpógaadh. Is dóiche gur teach culdeachtan, óil is ceoil a bhí ann. Ach tá seans gurb é atá sa dán go priomhúil ná imirt focal ar 'bean nocth' - 'beannacht' (cf. XLII): 6 sin leanann an magadh fá ríhná nocta nó tá sé nádúrtha go mbéifí a bpógaadh-san agus a suíri le.

1. Droimhile: 'Drumbilla' i ngar do Dhún Dealgán den taobh ó thuaidh: lámh le Glasdromainn.
2. muirne : 'gaiety, mirth' (?); cf. 'muireann' - 'a woman' (Dinn).
3. 's a' donndreach a mbíonn compórt ina cheoltaidhibh: Sa bhonn-ls. 'sé 'ceoltaidhibh' atá ann .1. 'Toirdhealbhach and the dark-faced one whose songs give comfort'. D'athraigh scriobháil Hardiman agus ó Gealacáin sin i gcruth is go bhfuil an dara cuid den líne ag tagairt do Thoirdealbhach - rud atá ciallmhar. Ba shásála - cé nach riachtanach - ' 's a' donndreach'. ? leg ' 'sa donn dreach' - 'whose features are dark'. Ach d'fhéadfadh an 'donndreach' 'bheith ag tagairt don 'muireann' (?) 1.2) nó do bhean éigin eile.

6. ríogaibh-se: ? leg 'ríoganaibh is': ? leg 'ríoganaibhs' (.i. Iolra).
ar bóchna : 'across the sea'. /ag dul le 'beir?'/7.
7. a mbonn crochta ó nōblai: 'and their (donnfhoilt) ends bejewelled': 'with bejewelled feet' (?); Is dóiche nár thug L seo agus gur athraigh é. B'fhéidir go raibh N (nó foinsé N) ag Ó Gealacáin agus go ndearna sé eagarthóireabht chliste air (rud atá cinnéte má tá 1.37-44 as a gcomhthéacs). Má bhí foinsé eile ag Ó Gealacáin, afáich, tá a léamh inspéise.
11. Toirdhealbhach: Deir an tAth. Ó Muireadhaigh gur Toirdhealbhach Mac Ardghail, uncaill Phádraig Mhac a' Liondainn atá i gceist anseo, fear a raibh talamh aige i 'Drombill, Keane, Lurgankeele agus Anaguaokey' d'réir na Hearth Money Rolls (1664). Ni dóiche é. Más leis an dán 1.37-44 cumadh é idir 1717 agus 1724 - idir 50 agus 60 bliain inndiadh na Hearth Money Rolls. Ba fhír fásta a bheadh ainmnithe ansiúd i gcruth is go mbeadh Toirdhealbhach 70 nó 80 bliain d'aois, ar a laghad. 'Sé an scéal céanna é ag an Doctúir Mac Lubhair (Naois Mac lubhair as Droimhile, deir Ó Muireadhaigh) agus Pádraig Mac Giolla Domhnaigh. (Patrick Downey as Killyne deir Ó Muireadhaigh). Fiú más dán magaide é, ni bhéifi ag dúil go mbeadh seandaoine liathá á lua le caillini óga.
16. Erasmus 7rl. : Cf. XVIII 1.64-65, 1.88-89.
20. gan chōtái : 'without coats' (?): ? leg 'gan chotaldhe' (N) - 'without bashfulness'.
23. bhuachailli October: B'fhéidir go bhfull sé ag tagairt d'aontáithe agus don spóirt a bhiodh ag na spailpíni orthu.
24. 's mur seasmhair chun a bhualte: 'if you do not stand by to strike him'. Féach léamh Uí Ghealacáin 'is mur aísir' agus an míniú tugtha aige féin: - 'aísir' - 'a layer of grain (or flax) laid on a barn floor for threshing'.
25. Beirnigh na Coille Cuachaighe: Deir Ó Muireadhaigh 'Beirnigh na Coilleadh Cuachaighe is a frequent epithet for the Murphys in many of the old songs (lit. the Murphys of the cuckoo-wood i.e., Dunréimhe)' (Amhráin Sh. Mh. C p 65). Ritheann abha an 'Cull' thart le Droimhile.
26. Oirthiar : 'Orier'. Cf. XIV 1.47.
27. seabhalc uaibhreach: Aidiacht uatha le ainm Iolra. Of. Réamhrá .
28. goōradh : Éilíonn an mheadaracht foghraiocht '6'; cf. 'cóiríú' - 'an abusive attack' (Dinn). ? leg 'gooradh' 'coraim' - 'I tire out, weary, twist'.
29. Iubhair: 'íbh' an fhoghraighecht.

32. nao1 : 'person'; 'woman' (?). Cf. LI 1.15.
Cf. s v 'naoidhe' Dinn; cf. 'noe' RIA
Contrib.
- cóib sin : 'band, company' (?); cf. Dinn s v 'cóip'.
Níl seimhiú ná urú air sa bhonn-ls.
34. Cóbhthaigh : Bhí Cóbhthaigh ina Rí ar Éirinn. (Cf. Keat
iv. p 221).
35. dá mba leis fuarchlár: Féach léamh difriúil Uí Ghealacáin.
'fuar' - 'cold, uninviting': Cf. 'fuair',
'féin uair' (fuair).
- 39-40. Ruaidhrí is Brian Óg: Cf. II, IV, XXII, XXXVII.
Fuair siad seo bás sa bhliain 1717.
ar buailidh : 'booley' i. a bhuachaillleacht.
41. fuaradh : 'becoming cold, death': cf. 'fuadach' G⁶
(G³).
Néill Óig : Cf. XVIII.
43. is ó chuireas dúil dá gcuallacht: 'since I liked their
company'. ? leg 'chuiris' (N) - ag caint
le Dia.

MEADARACHT.

Amhrán. Línte cheithir chéimeannacha. 1.1-8 ar aon deilbh:
1.9-12 agus 1.17-20: 1.13-16 agus 1.29-32: 1.21-28 agus
1.33-44.
An guta meadarachta céanna '6' i ndeireadh gach líne.
e.g.

1.1-4 4 (u) (u) x u (u) o u u (u) o u u ó u)

XLVIII.

Amhrán molta don Athair Pádraig Íbhears; ag tnúth lena philleadh go hÉirinn ó Lisbon, áit a bhfuil sé 'insna hordaibh'. Níor éirigh liom aon eolas a fháil faoi. Bhí - agus tá, fós - coláiste ag na Doiminicigh Éireannacha ag Corpo Santo i Lisbon. Is dóiche gur ansin a bhí sé. Níl an t-amhrán ach ag Ó Gealacáin.

1. gean le pósadh: 'gean an-mhór' (?); 'gean gan bhriseadh' (?).
5. Anna : Ní fios cé hí. Cf. 1.43 'Anna Baolláin', 1.17 'mac na riogaine'. B'fhéidir gur a mháthair atá i gceist anseo cé nach dóiche é i 1.43.
- gcomhnai : 'gcomhnai air' (?).
6. an mharthain : 'the living one, 'the remaining one' (?); cf. RIA Contrib. Cf. Dinn. 'm. na sléigh' - 'those that survive of the hosts'. Cf. XXIII 1.44.
8. corón : Foghraiocht 'car-', mar atá fós sa Tuaisceart.
9. cá ndeachaídh : Níl an t-urú sa tuaisceart inniu.
10. B'fhéidir gur freagra an líne seo ar 1.9 aoh b'fhéidir, festa, nár cheart an comhartha ceiste a chur isteach go dtí deireadh 1.12.
13. dalta : 'friend' (?); 'disciple' (?).
16. dalta Joseph : 'o fosterson of Joseph' (?); cf. 'seo anois, gasúr maith, tabhair domh é' - gan 'a' nó séimhlú aoh é ina Ghairmeach. Cf. 'as Joseph did' (?).
- 19-20. Peter..Lúcas..Malaigh: Gaolta iad seo, is dóiche.
- 23-24. 's ar do philleadh...: Faoi réir fós ag 'bí gasta' d'réir dealraimh. Ba cheart 'a' nó 'ea' a bheith i n-ionad 'philleadh' d'réir na meadarachta.
astar : Cf. XXXV 1.24.
céadna : foghraiocht 'i'. Cf. Réamhrá.
25. Blocaire : 'vicar'.
Dún-áth-Pádraig. Tá 'Donaghpatrick' (Domhnaoch Pádraig?) i gCo. na Mí i n-aice an Uaimh, chois Bóinne.
28. dealra : .1. 'dealradh'.
as : Cf. 'is' (mar atá sna lsí).
29. le do philleadh. Faoi réir ag 'guidhe ón Athair...'
32. go seinnfidh an chláirseach i nÉirinn: .1. beidh áthas i nÉirinn (?). Is dóiche gur 'an chláirseach' an t-Ainmní cé go bhféadfadh 'tú' a bheith intuigthe indiaidh 'seinnfidh'.
34. ar lasadh leighinn. ag tagaírt do 'leis' (1.23). Cf. X.1.
40. a choimhéad séan. 'that preserved prosperity' (?) /ag tagaírt do 'Éireann'/.
 ? leg 'a choimhchéad séan'. .1. go ralbh a shéan ag cur leis an lón beannacht.

41. nAithreacha naomhtha: .1. Aithreacha an Bhíobla, ní 'friars'.
42. 's go leanaidh an tsaoi sin le chéile: 'May the master follow that together (.1. beannacht Mhaoise agus na nAithreacha naomhtha)' (?). 'may that together cling to the master' (?).
47. ar cheanúil 'chrionnacht': 'whose wisdom was gentle' (?). ? leg 'chrionna é'. ? leg 'go ceanúil crionna'. Tá seo doileir.
49. céili : 'stay'. Cf. Dinn. XLIX 1.42.
50. lainneach : 'the eager one' (?); nō aidhacht 'armed, eager' ag dul le 'seabhaic'.
51. go bpíllidh : 'May he return' (?): nō 'until he return..... his being in Lisbon is a cause of moaning'.
52. léigheann lucht : ? leg 'léighinn'. : 'locht' sna lsí. Tá an cl aeradh céanna fós sa tuaisceart - 'locht' i n-ionad 'lucht'.
55. gan focal scéala : 'not a word of news'.
56. go gcaithidh : 'until he spend' (?) 'until he shall have spent' (?).

MEADARACHT.

Amhrán. Ocht fhoclach, atá cruinn go leor. Beagán uaime, e.g.

| | |
|---------|---------------------------|
| 1.1-168 | (u) a u ó u (u) a u o (u) |
| | u a u ó u u é u |

XLIX.

I gcló cheana: An tUltach, 1úil 1930. Ó Muireadhaigh.

Nóta ar na lsí: Níl v.8 (1.57-64) i Don¹. Tá formhór na sínte fada ar láir i Don¹ agus táid curtha isteach agam gan macron ach amháin nuair atá dabht ann (agus sa chéad v.). 'Sé cóip Enrí Uí rhuircseasa de Mall¹ agus Hyde a chonaio ^{mí}. Níl i L^b ach 1.1-22; i G³ G⁴ G⁶ ach 1.1-34. Bhain Ó Muireadhaigh úsáid as na lsí seo - Mall¹, Hyde, L, N33, ls. de chuid Airt Mhic Bhineid (Don^{VII}(?)) agus ls. a soríobh Aodh Ó Néill (nach bhfuair mise).

Cuireann an file síos ar anró na hÉireann i ndiaidh Bhriseadh Eachdhroime, 1691.

2. ag osnaidh: ? leg 'i gceasnaighe', atá beagán níos fearr ó thaobh meadarachta de. Ó thaobh céille níl duifear ar bith eatorra.
3. ndisle: 'nobility' (?).
5. Ón nGaothal ghlás an ghrísfhuit...: 'From the Gael Glas came the red blood that...'
8. gheannchadh: Cf. 'chanadh'.
9. 'Sé mo bhuaireadh: Níl seo ag an bhonn ls. ach is fearr é don mheadaracht nó ''sé mo ghéardheacair'.
bheoghoim: 'wound to the quick'.
ar fógra: 'banned' (?); 'hunted' (?). Cf. L 1.16.
14. deoraigh: Ní féidir 'bheith cinnte an 'deorai' nó 'deoraithe' atá i gceist.
15. lucht uasacht!: 'the nobility, the superior ones'.
16. don tsiol: 'dar dhiobh' (An tUltach).
17. éagain: Cf. Dinn s.v. 'éagan' - 'one bereft of his senses'. Cf. 'éagcaoin'.
21. gan aon rath: 'gan oighre' (An tUltach).
25. Créamhain: Tá seo sa bhonn ls. agus i L ach níl i n-aon ls. eile. Cf. Vl 1.2.
26. nachar ghríscchrádh na tréanfhír: 'that did not mourn the valiant men' (?).
'nEachdhroim: 'in Aughrim'. Cf. s.v. Echdrum. Hog Onom. Tá cuntas ar Chath Eachdhroma i 'The Irish at war', pp 59-70.
27. réapaithe: foghraiocht 'réapthaigh'.
29. bhfuigh: Tá seo níos fearr ná 'bhfuim' an bhonn ls.
buaireadh: Foghraiocht 'baéradh'.
30. ní mhaoidhim ortha: 'I do not grudge them'... 'Ní maoidhte orra' (An tUltach).
31. gad is: .i. cad is .i. 'what is'.
acht laooh: 'a luighe' (An tUltach).
33. de larsma: 'dhiadhairí' (An tUltach).
35. nó nach ndíolad: (?) = 'nuair nach ndíola/íd'. (?); ? leg 'ndíolfad'.

36. gan fhiatacht: Is cosúil go dtéann sé le 'tighearnai ghlac díbirt'.

Cf. An tUltach 'gan iatacht a ndithcheana mar do ghlacadar uatha'.

38. ó nach dtriallaid: 'since they do not attempt..!' (?)

39. dhiarchor: = 'ghéarchor' (?).
deasiarlaí: 'dísciarlaigh' (An tUltach).

40. an triath ceart: 'don triath cheart' (An tUltach).

41. 'Mó thuirse 's mo thréadamh gur fada mé ag éileamh' atá i 'An tUltach' - ag leanúint na lsi Mal¹ Hyde.

42. céili: 'call, visit'. Cf. Dinn; XLVII 1.49.
Amhráin A Mhic Chubh I p.13.

43. eo hÉirinn: 'le tréithe' (An tUltach).

44. oilleadh ó fhéile: 'd'ar bhfurtacht ó éiliughadh' (An tUltach).
fhéile. 'liberality' (?). Cf. 'fheille'.

45. 'Tré'r fhuiling-mid saighde 'sgan codladh do dhéanamh'
(An tUltach).

48. ga dtuar: Cf. Dinn.

50. dtáinte. Cf. 'dteannta'.

52. teistis. 'testimony' (?) .

57. luaimchliste: 'active and clever'.

59. nó an. 'munia (An tUltach).

61. dá gcuallai/the: Cf. 'dá gcuala(idh) ??'
priopheoir: 'priomhfhéar' (?): 'prior' (?).

68. ngríobháil: 'ngríosadh' (An tUltach). 'griobh' - 'a claw, talon or nail' (Dinn) - 'being fingered' (? 'grieving (mourning) them' (?).

70. 'Seal aige éirghidh gach aoinfhír bhí nÉachdhruim an 6ir'
(An tUltach).

gan seabhaic érice each aonfhír: Doileir. 'without hawks
(.i. laochra) who would gain restitution on behalf of every man...'

71. réndearc: .i. 'radharc' (?).

72. ghaiscidh theacht beo: 'ghaisceamhail leo' (An tUltach).

75. feargach: 'feardha'. (An tUltach).

76. sceith: 'scoith'. (An tUltach); = 'sciath' (?).

77. teas: 'comfort' (?).

80. creach: 'croídhthe' (An tUltach).

MHEADARACHT.

Amhrán. Ochtfhoclach. Ceithre céimeanna i ngach líne. Cruinn.
m.sh. 1.35-40.

L.

I gcló cheana. Duanaire na Ríde. pp 38-95. (as H.I.14, F, G^o).

Nóta ar na lsi: Tá sé seo i 44 lsi - ar a laghad. Tá siad seo a bhreithnigh m⁴ marcálte mar seo agam - .

Caoineadh ar Shomhairle Mac Domhnaill a fuair bás i gCath Eachdhroma 1691. Tá dán eile ag Mac Cuarta ar an chath - XLIX. B'fhéidir go raibh Somhairle pósta ar dhuine do Fhléimeannaigh Bhaile Sláine, nuair atá Mac Cuarta á chaoineadh.

- | | |
|---|--|
| 1. <u>i n-Eachdhroim:</u> | Troideadh Cath Eachdhroma ar an 12 ⁶ Iúil 1691. Tá suntas air i 'The Irish at War', pp 59-69. |
| 8. <u>d'fholannaibh :</u> | .1. d'Olannaibh (?) |
| 11. <u>chátú</u> : | 'act of befriending' (Meath-Dinn). |
| 12. <u>a</u> : | = de. |
| 13. <u>seanadh</u> . | 'regard for old-time friends' (Dinn). |
| 17. <u>Brath'</u> . | Ba Bile is ní Brath/a/ athair Ghalaímh; cf. Keat.iv. pl80, cf.l.176, |
| 24. <u>bhfognmar</u> : | Cf. RIA Contrib. s.v. 'fomóir':- 'giants' (?) |
| 25. <u>Éireamhón</u> : | Ba mhio de Philidh Éireamhon, Eibhear, Galamh is Íre. |
| 26. <u>is é rioghtnadh:</u> | Is fearr 'is é' nó 'a sé' na lsi. Cf. 'rioghradh' - 'line of kings'. |
| 28. <u>seacht bhliochid 's a' ceathair:</u> | Is bordaí ar 144 rí a bhí ar Eirinn idir Éireamhón agus Domhnall mhaic murchadha (742). |
| 29. <u>leabhar Ardmhach na nEoghanach:</u> | Leabhar Ard Mhacha (?) - 'one of the chief books of the Seanchus of Ireland' (Keat. iv. p345). Ní léir sad is bri le 'na nEoghanach'. ? leg 'n-othanaon' - 'candles, torches' (?) |
| 31. <u>an airdfhlaith:</u> | Is dóiche gur Gínídeach é seo. |
| 36. <u>an Lia Fáil</u> : | Cloch a thug na Tuatha Dé Danann go hÉirinn; 'agus fá cloch í ar a rabhadar geasa óir do ghéiseadh sí fa an neach d'ár chóra flaitheas Éireann d'fhaghbháil re linn bhfeart n-Éireann do bheith i mórdháil i dTeamhraigh re togha rígh orra'. (Keat.i.p100). Cf. Keat. ii. p206. |
| 38. <u>ina</u> : | ag réamh thagairt do 'gach cathair is gach cóigeadh'. Cf. l.105, l.66: XXV l.74. |
| 40. <u>n-ordadh</u> : | ? leg 'n-ordú'. |
| 44. <u>Criosta</u> : | Foirm chanúnach de 'Criost' a mhaireann go fóill i dTír Chonaill. |

51. i bpáirt a : Cf. 'i bpáirtign' atá le fáil sa dara ls. is sine.
52. lorghaill : 'battle line' (Dinn).
55. gnreadhaibh : 'champions'. Cf. R.I.A. Cont. s.v. 'greit'.
57. Rolandus : .i. Roland.
- Raghnall Bhontóbáin : Níl fhios agam cé atá i gceist nó cá háit a bñfuil Bontóbáin.
58. ardghoill : 'ard + gal'. Cf. 'árd-ghol' - 'loud weeping' (Dinn).
60. fáthraig na Cremona : Ni thuigim an tagaírt ach bhí Hercules ag troid le fatraig ceart go leor. Cf. 'fáidh' (bonn-lsi). Cf. XIX 1.43.
61. mbólach : 'cattle, kine' (Dinn): 'mbó-eallach' atá ag an ls. is luaithe, 'mbólacht' ag an dara ceann.
64. bpórtai : 'positions' (?).
66. lena phardaibh na n-éigeach: Dul neamhghnáth - an Sealbhach agus an t-alt roimh an Ghinide lolra. (Cf. 1.38).
69. Dia Domhnaigh : Ba ar an Domhnach a troideadh an cath. Cf. The Irish at war p.64 7rl: cf.l.194.
71. do
'na ngárdalibh : ? leg 'dá'.
- : Is fearr seo ná ' 'na gnárdíbh' an bhonn-ls.
78. tapair : 'tapers'. Tá sé uatha sa bhonn-ls.
82. díosc : 'dryness'.
83. dáil : 'opportunity' (?).
84. Arainn Úi Dhomhnaill: 'Aran Island in C. Donegal'. (Hog. Onom. p34).
85. ile
Breath' is : 'Islay'. Cf. Hog. Onom p454.
Cf. Hog. Onom. pl23. ? leg 'breasa Bóinne' (Murl).
86. Blatharna thoighe Cormaic: 'Blarney', is dóiche. Ni thuigim an tagaírt 'thoighe Cormaic', anseo. Bhí 'tech Cormaic' i dTearhair ach ní léir aon bhaint a bheith aige sin le Blárna. Cormac Mac Cárthaigh (?) .
88. Tarlaíonn athrú stíle anseo - tosaíonn sé ar liodán maorga.
100. tanadh : ? leg 'tanú'.
105. ina nglíadh : Ba chiallmhaire, mheasfa, 'i nglíadh' - atá ag an dara ls. is sine. 'ina nglíadh' - 'in their battle' (?). Cf. 1.38.
- droithleach
ngoileach : .i. 'drithleach'.
? 'galach' - 'hot fighting': nō 'goile' - 'stomach, middle (?)'!
109. gcóraidh : .i. 'gcómhra'.

112. greadhaibh : < 'groigh' - 'a stud of horses or brood mares' (Dinn) (?). Cf. 1.55.
121. gabhtha le : 'engaged, taken up with'.
125. seacaidh
leacaoinnach : 'jockeys',
'cheeks'. Cf. R.I.A. Contrib. s.v. 'lecca'.
127. teachtadh : 'possessing' (Dinn).
128. rabhart : 'fury' 7rl. Cf. VI 1.15.
- 129-133. Tá an 'téama' céanna i XVI 1.53-56.
132. rónach : 'seals' (Dinn): cf. 'ronnach' - 'a mackerel'.
134. Anna
cara : Ní fios cé hi,
'friendship' (?): nō 'friend' sa ghnáthchíall.
136. a rioghán : Ag caint léi atá an file: ní 'a' atá ann.
139. rath : 'goodness' (?).
141. chala
Ioba : 'harbour, haven' (Dinn).
Tá an 'a' ar son na meadarachta.
143. Sir Séamas is Alastran: Tá cuntas ar na mic Domhnaill le fáil i 'King James's Irish Army Lists', ii. pp161-176; tá trácht ar Sir Séamas agus Alastran ansin. Cf. The McDonnells of Antrim.
144. Dhún Breatan : 'Dumbarton'. Cf. Hog. Onom p.378.
145. baile : 'a town' (?). ? leg 'Baile'; cf. Hog. Onom p73.
148. .1. : ag tagairt don gnleacáí (?). Cf. 'fá' (Murl).
160. Móta : Tá a lán áiteacha sa tír ar a nglaoitear 'Nóta'. I gCo.Laoise (?).
161. 's a' Longphoirt : Is dóiche gur ainm dílis 'Longphoirt'. ? leg 'sa'.
184. ler cleachtadh : 'who was accustomed to, befriended'.
191. Venice : Tá 'Vienna' i gcuind dena lsí.
192. Almaine : 'Germany'.
196. gan bhfearta : Tá sé neamhghnáthach urú 'bheith ar lorg 'gan'.
199. seasamh : 'defending'.
203. dheisíúir : 'the sunny side'; 'ar dhéiseabhar na gréine' - 'exposed to the sun'.

MEADARACHT.

| | | | | | |
|----------------|---------------------|---|---|---|--------|
| Caoine 1.1-20. | Gutaí meadarachta - | x | á | á | 6 |
| 1.21-55. | | í | á | á | 6 |
| 1.56-88. | | x | á | á | 6 7rl. |

LI.

I gcló cheana: An t-Ultach, Samhain 1930. Lé cois G² agus Mal^G bhi leaganacha béil as Rann na Feiste agus Cloich Cheann Fhaolaídh ag an Ath. Ó Muireadhaigh⁷.

Dán molta do Shinéad (Jenny) Hadla. Ní luaitear a sloinneadh sa bhonn-ls. Hanly? Tá sé inspéis go raibh 'Edward Hanly' i nDún Dealgan le linn na 'Hearth Money Rolls'. 'Edbhard' a bhi ar athair Jenny fosta, ach deir Ó Muireadhaigh gur Sinéad Ní Chearbhaill' a bhí uirthi sular gásadh í. Deir Ó Gealacáin gur dá mathair, Ailís Ní Chearbhaill, a chum Mac Cuarta 'Atá lile gan smúid..' q.v.

- | | |
|---|---|
| 2. <u>ar</u> | : 'above (?); 'amidst (?). |
| 3. <u>rósá</u> <u>cantáil</u> <u>meadhoín</u> | : ? leg 'rós is'. :: 'outbidding' (Dinn). i.e. 'competing' (?). : ? leg 'meadhoín'. |
| 7. <u>n-úill</u> | : ag tagairt dá gruag. Cf. R.I.A. Contrib. s.v. 'uball II (n) 'as an ornament to confine the hair'. |
| 10. <u>a mar n-éagar</u> | : 'unless you die' (?), (mar(a) n-éagair). ? leg 'n-éagair'. |
| 14. <u>cúirteoirí</u> | : 'wooers' (Dinn). |
| 15. <u>naoi</u> | : 'woman'. (?). Cf. XLVII 1.32. |
| 24. <u>uabh-san</u> | : .i. uaithu-san. |
| 25. <u>gruaídhe</u> | : ? leg 'gruaídhe'. |
| 27. <u>bheir grís</u> | : 'Sé 'fiorfhuil cheart na huaisle...' an réamhtheachtaí. |
